GA 2023

24

Tuarascáil speisialta

# Cathracha cliste

## Réitigh fhollasacha, ach tá an ilroinnt ina dúshlán dá nglacadh ar bhonn forleathan

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Ábhar


| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | I-IX |
| **Réamhrá** | 01-10 |
| An gá atá le hinfheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht i gcathracha cliste | 01-03 |
| Tionscnaimh cathrach cliste an Aontais, 2014-2020 | 04-08 |
| Tionscnaimh cathrach cliste an Aontais, 2021-2027 | 09-10 |
| **Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta** | 11-17 |
| **Barúlacha** | 18-84 |
| Cé go bhfuil dearadh maith trí chéile ar an gclár Tí Solais, is cuid é de thacar de bhearta atá ilroinnte | 18-30 |
| Freagraíonn dearadh an chláir Tí Solais do riachtanais chathracha an Aontais | 19-22 |
| Tá easpa táscairí agus spriocanna cainníochtúla ar an gclár Tí Solais chun a thionchar a mheasúnú | 23-25 |
| Is cuid de thacar ilroinnte de thionscnaimh de chuid an Aontais le haghaidh cathracha é an clár Tí Solais, agus gan ach comhordú teoranta ag baint leis | 26-30 |
| Tá na tionscadail Tí Solais tar éis torthaí nithiúla a bhaint amach ach is iomaí sin dúshlán a bhí le sárú acu | 31-59 |
| Tá torthaí nithiúla bainte amach ag na tionscadail Tí Solais atá dúnta agus chomhlíon siad a gcuid spriocanna indibhidiúla den chuid is mó | 32-36 |
| Tá tús curtha le macasamhlú réiteach cathrach cliste laistigh de chuibhreannais tionscadail, ach tá bacainní suntasacha ann | 37-40 |
| De bharr na ndúshlán a bhí le sárú ag na tionscadail Tí Solais, tá moilleanna suntasacha tagtha chun cinn | 41-47 |
| Tá sé cruthaithe go bhfuil rannpháirtíocht na saoránach ríthábhachtach ach is deacair, go minic, í a bhaint amach | 48-50 |
| Tá an Coimisiún tar éis tacaíocht a thabhairt do na tionscadail Tí Solais, ach go dtí seo níor éirigh leis na cathracha infheistíocht phríobháideach a tharraingt chucu | 51-59 |

De bharr easnaimh sa mheasúnú agus san obair leantach, ní féidir leas ceart a bhaint as na tionscadail Tí Solais 60-84

De bharr easnaimh sa chreat faireacháin agus measúnaithe, ní féidir tionchar an chláir Tí Solais a thomhas 60-65

Tá comhordú neamhleor leis an Misean ina bhac ar na deiseanna macasamhlaithe a d'fhéadfadh teacht ó na tionscadail Tí Solais 66-71

Tá na cathracha tar éis an-tairbhe a bhaint as cistiú ón Aontas, ach níl cinnteacht ag cathracha an Mhisin maidir leis an gcistiú foriomlán ón Aontas atá ar fáil dóibh 72-84

Conclúidí agus moltaí 85-94

Conclúidí 85-94

Moltaí

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Liosta de thionscadail Tí Solais faoi Fís 2020

Iarscríbhinn II – Liosta de na cathracha Tí Solais agus de na cathracha Comhshamhla

Iarscríbhinn III – Suirbhé ar rannpháirtithe tionscadail an Tí Solais

Iarscríbhinn IV – Tionscnaimh le tacaíocht ón gCoimisiún i bhfochair agus le haghaidh cathracha sa tréimhse 2014-2020

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** Tá cónaí ar thrí cheathrú de shaoránaigh an Aontais i gceantair uirbeacha, ar gníomhaithe eacnamaíocha lárnacha iad agus foinse mhór thruailliúcháin. Trí nuálaíocht theicneolaíoch a úsáid, is féidir le cathracha agus bailte feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar iad a bhainistiú agus a gcion féin a dhéanamh chun tosaíochtaí an Aontais sa Chomhaontú Glas a bhaint amach, chun an teicneolaíocht dhigiteach a chur ar aghaidh, agus chun geilleagar a théann chun tairbhe do dhaoine a chur chun cinn. Is féidir le cathracha cliste dul chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí trína lorg carbóin a laghdú agus trí phróisis agus seirbhísí traidisiúnta a athrú ó bhonn.

**II** Sa tréimhse 2014-2020, bhainistigh an Coimisiún cláir agus tionscnaimh éagsúla a bhí ag tacú le tionscadail a bhí dírithe ar chathracha cliste. I réimse an taighde agus na nuálaíochta, áiríodh leo sin an clár dar teideal 'Teach Solais' faoi Fís 2020, arbh fhiú thart ar €400 milliún é.

**III** Is é an tionscnamh suaitheanta reatha (2021-2027) atá ag an gCoimisiún sa réimse seo ná clár faoi Fís Eorpach ar a dtugtar 'an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste', arb é is aidhm dó tacú le 100 cathair de chuid an Aontais ionas go mbeidís aeráidneodrach faoi 2030 agus go mbeidís ag feidhmiú mar eiseamláirí do chathracha uile an Aontais le súil is go mbeidís sin iad féin aeráidneodrach faoi 2050.

**IV** Inár n-iniúchadh rinneadh measúnú ar cibé acu a bhain nó nár bhain an clár Tí Solais a spriocanna amach agus a chabhraigh nó nár chabhraigh sé le cathracha an Aontais ina n-iarrachtaí a bheith níos cliste, agus cibé acu a chuir nó nár chuir an Coimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh i bhfeidhm ar an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste. Ar an gcaoi sin, bhí sé d'aidhm againn rannchuidiú le cur chun feidhme an tionscnaimh nua seo de chuid an Aontais, tar éis na meastóireachta meántéarma atá beartaithe dó sa bhliain 2023.

**V** Is í an chonclúid fhoriomlán ar thángamar air ná go bhfuil an clár Tí Solais tar éis cuidiú le cathracha ina n-iarrachtaí réitigh le haghaidh cathracha cliste a chur in úsáid agus éirí níos cliste. Mar sin féin, d'fhéadfadh an easpa comhordaithe idir tionscnaimh an Aontais agus cistiú poiblí agus príobháideach a bheith ina bac ar ghlacadh níos leithne na réiteach sin lasmuigh de na cathracha rannpháirteacha.

**VI** Fuaireamar amach gur chuir an Coimisiún leagan amach maith ar an gclár Tí Solais, agus gur thug sé tacaíocht do na tionscadail, é ag freastal ar riachtanais chathracha an Aontais agus na bpáirtithe leasmhara eile a ndeachthas i gcomhairle leo. Ina dhiaidh sin féin, mar gheall ar easpa táscairí, spriocanna agus pleananna iomchuí chun macasamhlú na réiteach tionscadail a mheasúnú, ní féidir leis an gCoimisiún a thionchar foriomlán a thomhas go cuí.

**VII** Fuaireamar amach gur éirigh leis na tionscadail Tí Solais a bhí dúnta ag tráth na hiniúchóireachta torthaí dearfacha a bhaint amach agus gur chomhlíon siad formhór na spriocanna a rabhthas ag dréim leo uathu. Mar sin féin, bhí dúshláin roimh na tionscadail Tí Solais ó thaobh caidreamh gníomhach a chothú leis na saoránaigh, rud a d'fhág gur cuireadh athruithe agus moill ar chuid acu.

**VIII** Thugamar faoi deara nach féidir leas iomlán a bhaint as na réitigh thionscadail ná iad a mhacasamhlú go hiomlán de dheasca an leibhéil comhordaithe atá ann faoi láthair idir na tionscadail Tí Solais agus an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste. Agus cé go bhfuil sé mar aidhm ag an Misean comhordú a dhéanamh ar thionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais sa réimse cathrach cliste agus forbartha uirbí, ní léir cén cistiúchán atá ar fáil, agus tá sé róluath chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá aige.

**IX** Molaimid gur cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- machnamh a dhéanamh ar an acmhainneacht chistiúcháin do na cathracha a thagann faoin Misean agus tacú leo siúd a mbaineann laigí cistiúcháin leo;
- rannpháirtíocht leormhaith na saoránach a áirithiú i dtionscadail léirchruthúcháin uirbeacha a bheidh ann amach anseo;
- measúnú a dhéanamh ar mhacasamhlú na dtionscadal Tí Solais; agus
- comhordú níos fearr a dhéanamh ar an gclár Tí Solais leis an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste faoi Fís Eorpach.

# Réamhrá

## An gá atá le hinfheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht i gcathracha cliste

**01** Tá an tAontas an-uirbithe – tá beagnach 75 % dá shaoránaigh ina gcónaí i gcathracha agus i mbailte agus táthar ag dréim leis go ndéanfaidh 80 % dá shaoránaigh amhlaidh faoi 2050[1]. Na cathracha agus na ceantair uirbeacha, chomh maith le bheith ina ngníomhaithe eacnamaíocha lárnacha, is foinsí móra de gháis ceaptha teasa agus de thruailliú aeir, uisce agus ithreach iad. Ach úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun feabhas a chur ar an gcaoi a mbainistítear cathracha, is féidir cabhrú le trí cinn de thosaíochtaí an Aontais a bhaint amach: an Comhaontú Glas, béim ar an teicneolaíocht dhigiteach, agus geilleagar a théann chun tairbhe do dhaoine.

**02** I gcathair chliste, baintear forbairt uirbeach inbhuanaithe amach trí 'theicneolaíochtaí agus seirbhísí nua, éifeachtúla agus so-úsáidte, go háirithe i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus TFC'[2]. Chomh maith leis an teicneolaíocht a úsáid chun acmhainní a shábháil agus truailliú a laghdú, tá sé mar aidhm ag cathair chliste freisin seirbhísí cathrach a chur i riocht níos freagrúla agus níos inrochtana, spásanna poiblí a chur i riocht níos sábháilte, agus feabhas a chur ar na córais iompair, ar an mbainistiú uisce agus dramhaíola, ar shoilsiú sráide agus ar an téamh i bhfoirgnimh.

**03** Éiríonn cathracha cliste de thoradh teicneolaíochtaí nuálacha a chur in úsáid, de thoradh samhlacha nua gnó, cleachtais nua bhainistíochta agus straitéisí nua forbartha a bhunú, agus de thoradh creataí agus rialacháin thacúla rialachais a ghlacadh. Ní féidir an méid sin a dhéanamh ach amháin trí infheistíocht iomchuí taighde agus nuálaíochta (T&N). I ***dTábla 1*** tugtar liosta neamh-uileghabhálach de ghnéithe agus teicneolaíochtaí buntábhachtacha cumasúcháin le haghaidh cathracha cliste.

---

[1] An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Oiriúnú uirbeach san Eoraip: an chaoi a bhfreagraíonn cathracha agus bailte don athrú aeráide, 2020.

[2] Fís 2020 – Clár Oibre 2014-2015.

### Tábla 1 – Gnéithe agus teicneolaíochtaí buntábhachtacha cumasúcháin le haghaidh cathracha cliste

| GNÉITHE | TEICNEOLAÍOCHTAÍ CUMASÚCHÁIN |
|---|---|
| • Éifeachtúlacht fuinnimh & fuinneamh glas<br>• Athúsáid uisce agus dramhaíola<br>• Sábháilteacht phoiblí<br>• Oideachas nuálach & cúram sláinte<br>• Foirgnimh ghlasa/tithíocht ghlas<br>• Soghluaisteacht éifeachtúil & iompar poiblí<br>• Seirbhísí nuálacha do shaoránaigh<br>• Athléimneacht aeráide agus struis<br>• Cuimsiú sóisialta<br>• r-Rialachas<br>• Trédhearcacht & cosaint príobháideachais | • Idirlíon na Rudaí Nithiúla<br>• Intleacht shaorga & meaisínfhoghlaim<br>• Anailísíocht sonraí<br>• 5G<br>• Braiteoirí cliste<br>• Rialachas & slándáil sonraí<br>• Uirlisí ríomhrialtais<br>• Ábhair nua don éifeachtúlacht fuinnimh<br>• Eangacha cliste<br>• Stóráil fuinnimh & teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite<br>• Teicneolaíocht gheospásúil |

*Foinse:* CIE.

## Tionscnaimh cathrach cliste an Aontais, 2014-2020

**04** Bhí roinnt beartais agus tionscnaimh earnálacha ann i dtréimhse 2014-2020 ar baineadh leas astu chun straitéis T&N an Aontais um chathracha cliste a shainiú agus a chur chun feidhme. Áirítear ar na cinn is ábhartha acu sin:

- Fís 2020, lenar leagadh síos spriocanna uileghabhálacha agus lenar cuireadh cistiú ar fáil do thionscadail nuálacha uirbeacha T&N;
- an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht maidir le Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste (agus a chomharba, Ionad Margaidh na gCathracha Cliste), inar tugadh tionscail agus cathracha san Aontas le chéile chun cláir oibre phoiblí agus phríobháideacha T&N a ailíniú agus chun tionscnaimh chomhoibritheacha a chur chun cinn; agus
- an Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh, lena gcuirtear an comhar chun cinn i measc thíortha, chuideachtaí agus thaighdeoirí an Aontais maidir le teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus córais aeráidneodracha fuinnimh.


**05** Bhí tionscadail uirbeacha T&N le feiceáil i gcolúin uile agus i gcuspóirí sonracha uile Fís 2020. Thacaigh tríú colún an chláir ('Dúshláin shochaíocha') le tionscadail thrasearnálacha chun teicneolaíochtaí agus seirbhísí uirbeacha nuálacha, cuir chuige rialachais, agus réitigh bhainistíochta a léirchruthú trí bhíthin glaonna tiomnaithe ar thograí tionscadail faoi 'Chathracha Cliste agus Comhphobail Chliste'.

**06** Leis na glaonna ar thograí faoi 'Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste' tugadh tacaíocht do 18 gcinn de 'Thionscadail Tí Solais', dá dtagraítear i dteannta a chéile sa tuarascáil seo faoin teideal 'an clár Tí Solais'; is tionscadail iad sin:

- ina dtugtar le chéile údaráis chathrach, cuideachtaí poiblí agus príobháideacha, agus taighdeoirí faoi scáth cuibhreannais tionscadail ina bhfuil idir 22 agus 53 chomhpháirtí;
- ina bhféachtar leis na saoránaigh a dhéanamh rannpháirteach agus iad a chumhachtú chun réitigh chliste a léirchruthú;
- atá faoi stiúir dhá cheann nó trí cinn de 'chathracha Tí Solais', mar a ndéantar teicneolaíochtaí agus réitigh nua a léirchruthú, agus a bhfuil páirteach iontu freisin dhá 'chathair Chomhshamhla', a dhéanann na réitigh a léirchruthaíodh a mhacasamhlú ag deireadh an tionscadail (ní chistíonn na tionscadail Tí Solais an macasamhlú sin); agus
- atá ina gcuid de phleananna uirbeacha níos leithne.

**07** Is fiú €381 mhilliún an cistiú foriomlán a deonaíodh do thionscadail Tí Solais faoi Fís 2020. Luach €446 mhilliún a bhí ar na tionscadail ar tugadh tacaíocht dóibh, lena n-áirítear comhchistiú (féach ***Iarscríbhinn I***). Bhí 48 gcathair Tí Solais, 72 chathair Chomhshamhla, agus 515 chomhpháirtí eile páirteach sna 18 dtionscadal Tí Solais (féach ***Pictiúr 1*** agus ***Iarscríbhinn II***). Tá na cathracha rannpháirteacha scaipthe thart timpeall 24 Bhallstát. Níor ghlac aon chathair ón gCipir, ón Liotuáin ná ó Lucsamburg páirt sa chlár Tí Solais.

## Pictiúr 1 – Cathracha Tí Solais agus Cathracha Comhshamhla




*Foinse:* CIE.

**08** Is í an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin (INEA) a rinne bainistiú ar an rogha de na tionscadail Tí Solais, faoi mhaoirseacht Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh, na Soghluaisteachta agus an Iompair, agus Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta. Déanann an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA), a tháinig in ionad INEA an 1 Aibreán 2021, faireachán ar chur chun feidhme na dtionscadal. De ghrá na soléiteachta, úsáidimid 'CINEA' sa tuarascáil seo chun tagairt a dhéanamh don dá ghníomhaireacht.

## Tionscnaimh cathrach cliste an Aontais, 2021-2027

**09** Faoi láthair, déanann an Coimisiún bainistiú ar shraith leathan tionscnamh i gcomhar le cathracha agus ar a son. Is é an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste ('an Misean') faoi Fís Eorpach an tionscnamh suaitheanta T&N sa réimse seo; is é aidhm an tionscnaimh sin ná 100 cathair aeráidneodrach a bheith ann faoi 2030 agus a áirithiú go mbeidh cathracha uile an Aontais aeráidneodrach faoi 2050[3]. I mí Aibreáin 2022, roghnaigh an Coimisiún 100 cathair ó Bhallstáit an Aontais agus 12 chathair ó thíortha comhlachaithe Fís Eorpach chun páirt a ghlacadh sa Mhisean ('Cathracha Misin'). Astu seo, tá 51 chathair rannpháirteach sna tionscadail Tí Solais.

**10** I mí Dheireadh Fómhair 2021, sheol an Coimisiún Ardán an Mhisin, atá á bhainistiú ag tionscadal NetZeroCities. Faoin ardán, tugtar cúnamh teicniúil, rialála agus airgeadais do na 'Cathracha Misin'. Tacaíonn sé freisin le cathracha leasmhara, lena n-áirítear iad siúd nach 'Cathracha Misin' iad, trí shraith gníomhaíochtaí píolótacha, deiseanna cistiúcháin, agus seirbhísí piarfhoghlama.

[3] Teachtaireacht maidir le Misin Eorpacha, 29 Meán Fómhair 2021.

# Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

**11** Rinneadh measúnú san iniúchadh ar dhearadh agus cur chun feidhme an chláir Tí Solais faoi Fís 2020 agus ar cibé acu a baineadh amach nó nár baineadh amach an sprioc a bhí ag an gclár cabhrú go héifeachtach le cathracha an Aontais a bheith níos cliste. Rinneamar measúnú freisin ar cibé acu a chuir nó nár chuir an Coimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh ón gclár i bhfeidhm ó thaobh dhearadh agus chur chun feidhme an Mhisin maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste, ar tionscnamh suaitheanta é a tugadh isteach in Fís Eorpach. Chlúdaigh ár gcuid oibre iniúchóireachta an tréimhse ó Iúil 2012 go Nollaig 2022.

**12** Chinneamar an t-iniúchadh seo a dhéanamh toisc gur tionscnamh mór léirchruthúcháin uirbigh é an clár Tí Solais a tugadh isteach as an nua in Fís 2020. Táimid ag dréim leis go mbeidh ár gcuid fionnachtana úsáideach i gcomhthéacs na meastóireachta meántéarma ar an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste atá beartaithe do 2023.

**13** San iniúchadh a rinneamar, dhíríomar ar cibé acu:

- a dhear nó nár dhear an Coimisiún go hiomchuí na cláir oibre de chuid Fís 2020 ina bhfuil na tionscadail Tí Solais;
- a chabhraigh nó nár chabhraigh na tionscadail Tí Solais le cathracha san Aontas a bheith níos cliste, trí réitigh nuálacha chliste a chur in úsáid;
- a rinne nó nach ndearna na cathracha rannpháirteacha macasamhlú ar na réitigh le haghaidh cathracha cliste a léirchruthaíodh trí bhíthin na dtionscadal;
- a thacaigh nó nár thacaigh an Coimisiún go leormhaith leis na tionscadail Tí Solais; agus
- a rinne nó nach ndearna an Coimisiún faireachán iomchuí ar na tionscadail Tí Solais agus a chuir nó nár chuir sé na ceachtanna a foghlaimíodh i bhfeidhm ar an gclár Fís Eorpach agus ar an Misean.

**14** Rinneamar athbhreithniú ar ról an Choimisiúin maidir leis an gclár Tí Solais a dhearadh agus a bhainistiú agus rinneamar measúnú ar bheartais, cláir agus seirbhísí tacaíochta an Aontais maidir le cathracha cliste trí bhíthin cruinnithe leis an gCoimisiún agus le CINEA, agus trí anailís a dhéanamh ar an doiciméadacht a bhí ar fáil.

**15** Rinneamar measúnú ar gach ceann de na 18 dtionscadal Tí Solais:

- trí bhíthin ceistneoirí i scríbhinn agus cruinnithe leis na comhordaitheoirí tionscadail agus le comhpháirtithe tionscadail eile;
- trí anailís a dhéanamh ar dhoiciméadacht tionscadail a bhí ar fáil, go háirithe comhaontuithe deontais, tuarascálacha tréimhsiúla agus leanúnacha, agus tuarascálacha measúnaithe; agus
- trí anailís a dhéanamh ar na sonraí atá i mbunachar sonraí eGrants an Choimisiúin.

**16** Bhí plé againn le hionadaithe ó 15 chathair, a roghnaíomar chun léiriú a thabhairt ar dhaonra na gcathracha rannpháirteacha agus, lena chois sin, chun éagsúlacht a chinntiú ó thaobh na nithe seo a leanas:

- an cineál cathrach (11 chathair Tí Solais agus ceithre chathair Chomhshamhla);
- ról sa tionscadal (ocht gcomhordaitheoir tionscadail agus seacht gcomhpháirtí tionscadail);
- suíomh geografach (cathracha ó naoi dtír éagsúla); agus
- méid (trí chathair ina bhfuil daonra de bhreis ar 1 mhilliún duine; seacht gcathair ina bhfuil daonra idir 0.5 agus 1 mhilliún duine; agus cúig chathair ina bhfuil daonra faoi bhun 0.5 milliún duine).

**17** Rinneamar suirbhé ar rannpháirtithe sa tionscadal Tí Solais, bhailíomar freagraí ó 40 cathair (20 cathair Tí Solais agus 20 cathair Chomhshamhla) agus ó 52 rannpháirtí eile (féach ***Iarscríbhinn III***), phléamar cúrsaí le saineolaithe i réimse na gcathracha cliste, agus scrúdaíomar na doiciméid ábhartha. Níor áiríodh san obair iniúchóireachta agallaimh le saoránaigh aonair, le heagraíochtaí sibhialta ná le grúpaí sainleasa, ach áiríodh inti fianaise dhíreach ó ionadaithe cathrach, ó chomhordaitheoirí tionscadail, ó chomhpháirtithe agus ó shaineolaithe i 15 chathair ionadaíocha a bhí rannpháirteach sa chlár.

# Barúlacha

## Cé go bhfuil dearadh maith trí chéile ar an gclár Tí Solais, is cuid é de thacar de bhearta atá ilroinnte

**18** Is tionscnaimh mhóra léirchruthúcháin uirbigh iad na tionscadail Tí Solais agus ba cheart dóibh a bheith ina léiriú ar chineál comhoibritheach agus trasearnálach na dtionscnamh cathrach cliste. Trína ndearadh, ba cheart dóibh teicneolaíochtaí atá gar don mhargadh ó réimsí éagsúla a chomhtháthú go nuálach chun réitigh agus samhlacha gnó a thástáil agus a mhacasamhlú.

### Freagraíonn dearadh an chláir Tí Solais do riachtanais chathracha an Aontais

**19** Fuaireamar amach go raibh an clár Tí Solais deartha go maith ar an mórgóir. Tugadh le chéile ann iliomad geallsealbhóirí i réimse na gcathracha cliste, i gcomhréir le cineál trasearnálach na dtionscadal cathracha cliste, agus tugadh aghaidh ann ar spriocanna thionscnaimh cathrach cliste an Aontais (féach míreanna ***02***, ***03*** agus ***18***). Chuaigh an Coimisiún, trí obair na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuálaíocht maidir le Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste agus tríd an bPlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh, i gcomhairle le geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear cathracha, cuideachtaí príobháideacha, taighdeoirí agus saoránaigh. Rinne sé an toradh a bhí ar na comhairliúcháin sin a chur san áireamh ansin nuair a bhí an dearadh á dhéanamh ar an gclár Tí Solais, ar na cláir oibre ilbhliantúla de chuid Fís 2020, agus ar na glaonna ar thograí chun na tionscadail Tí Solais a roghnú.

**20** Bhí saineolaithe ar chathracha cliste ar chomhlachtaí rialachais na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuálaíocht maidir le Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste (féach mír ***04***) agus chuaigh an Chomhpháirtíocht i ndáil chomhairle leis na céadta geallsealbhóirí trí bhíthin grúpaí gníomhaíochta. D’ullmhaigh sí plean straitéiseach cur chun feidhme, inar sonraíodh trí réimse le haghaidh gníomhaíochta: soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe, ceantair agus timpeallacht thógtha inbhuanaithe, agus bonneagair agus próisis chomhtháite in earnálacha an fhuinnimh, na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus an iompair. Chuir an Coimisiún na réimsí sin san áireamh i gcláir oibre Fís 2020, agus chuaigh gach aon cheann de na 18 dtionscadal Tí Solais i ngleic leo sin.

**21** Chuaigh an Mheitheal um Chathracha Cliste agus Comhphobail Chliste, a bunaíodh faoin bPlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh, i ndáil chomhairle le hionadaithe ó chathracha, ón earnáil tionsclaíochta, ó eagraíochtaí taighde, agus le saoránaigh ó chúig Bhallstát déag agus ó dhá thír atá comhlachaithe le Fís 2020. Sainmhínigh an Mheitheal 'ceantair fuinnimh dhearfaigh' (i.e. ceantar ina bhfuil cothromaíocht fuinnimh dhearfaigh bhliantúil agus glanastaíochtaí nialasacha $CO_2$) agus d'ullmhaigh sí plean cur chun feidhme chun ceantair den sórt sin a chur ar bun agus a mhacasamhlú san Aontas Eorpach[4]. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún na coincheapa sin san áireamh ina chlár oibre le haghaidh Fís 2020 don tréimhse 2018-2020 agus ina ghlaonna ar thograí. Dá réir sin, dearadh na tionscadail Tí Solais a cistíodh ar bhealach a chuideodh le baint amach na sprice a bhaineann le Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh, is é sin go ndéanfaí 100 ceantar fuinnimh dhearfaigh a bhunú san Eoraip faoi 2025.

**22** I gcomhréir le forálacha ginearálta Fís 2020, sainíodh sna cláir oibre ilbhliantúla na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin le haghaidh na 18 dtionscadal Tí Solais. Sna glaonna bliantúla ar thograí ó 2014 go 2020, iarradh ar chuibhreannais ón Aontas Eorpach agus ó na tíortha atá comhlachaithe le Fís 2020 tograí tionscadail a thíolacadh. Rinne saineolaithe seachtracha, a ndearna CINEA iad a chonrú agus a mhaoirsiú, na tograí sin a mheasúnú agus a rangú ansin de réir trí chritéar: barr feabhais, tionchar, agus cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme.

## Tá easpa táscairí agus spriocanna cainníochtúla ar an gclár Tí Solais chun a thionchar a mheasúnú

**23** I gcláir oibre ilbhliantúla Fís 2020, sainíodh na tionchair a raibh an Coimisiún ag dréim leo ó na tionscadail Tí Solais. Cé gur tháinig athrú le himeacht aimsire ar na tionchair sin (féach ***Tábla 2***), is cur síos i dtéarmaí ginearálta, gan táscairí ná spriocanna cainníochtúla foriomlána a chur san áireamh, a rinneadh orthu sna cláir oibre. Bheadh táscairí agus spriocanna den sórt sin tar éis gníomhaíochtaí an chláir Tí Solais agus gníomhaíochtaí na dtionscadal aonair Tí Solais a stiúradh. Bheadh sé indéanta freisin, dá mbarr, a ndul chun cinn a thomhas agus a dtionchar a mheasúnú.

---

[4] Gníomhaíocht Uimh. 3.2 de Phlean SET – Plean Cur Chun Feidhme.

### Tábla 2 – Na príomhthionchair a rabhthas ag dréim leo ó na tionscadail Tí Solais

**2014-2015**

- Réitigh fuinnimh, iompair & TFC atá nuálach agus inmhacasamhlaithe a chur in úsáid; infheistíochtaí eacnamaíocha ar mhórscála a ghníomhachtú.
- Éifeachtúlacht fuinnimh & úsáid foinsí inathnuaite fuinnimh a mhéadú, agus fós an córas fuinnimh a bheith níos sláine agus níos saoire.
- Éifeachtúlacht soghluaisteachta a mhéadú le hastaíochtaí truailleán agus CO2 níos ísle; cáilíocht iomlán an aeir a mhéadú.
- An cháilíocht saoil a mhéadú trí phoist áitiúla a chruthú.

**2016-2017**

- Réitigh iontaofa maidir le dúshláin aitheanta atá roimh na cathracha; laghdú ar rioscaí teicniúla & airgeadais chun tacú lena macasamhlú.
- Éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú ar scála ceantair; foinsí inathnuaite a chur chun cinn; an córas fuinnimh a bheith níos sláine agus níos saoire.
- Leathadh amach céimneach feithiclí leictreacha i gcathracha; astaíochtaí iomparbhunaithe CO2 a laghdú; cáilíocht iomlán an aeir a mhéadú.

**2018-2020**

- Spriocanna AE do mhaolú & oiriúnú don athrú aeráide a bhaint amach, mar aon le spriocanna náisiúnta/áitiúla fuinnimh, cáilíochta aeir agus aeráide.
- Leathadh amach mórscála na gceantar fuinnimh dhearfaigh a chur chun cinn.
- Éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn; méadú ar chion na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh, agus na réiteach aisghabhála agus stórála teasa dramhaíola.
- Méadú ar ráta úsáide na réiteach leictrea-shoghluaisteachta.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar chláir oibre Fís 2020.

**24** Sna glaonna ar thograí i leith tionscadail Tí Solais iarradh ar chuibhreannais a dtáscairí tionchair, a spriocanna agus a gcleachtais faireacháin féin a leagan síos agus iad sin bainteach go sonrach leis an tionscadal sin. Cé go bhfuil roinnt spriocanna i bpáirt ag na tionscadail Tí Solais a cistíodh, go háirithe maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO2 a laghdú, tá difríocht eatarthu ar an mórgóir ó thaobh a dtáscairí agus a spriocanna cainníochtúla, ó thaobh na mbonnlínte a úsáideadh le haghaidh táscairí comparáideacha, agus ó thaobh modheolaíochtaí faireacháin. De bharr na hilchineálachta sin ó thaobh sonraí de, tá srianta ar an gCoimisiún maidir le tionchar foriomlán an chláir a thomhas i gceart.

**25** Murab ionann agus an clár Tí Solais, socraíonn an Misean táscairí agus spriocanna cainníochtúla agus bíonn tráthchlár sainithe aige chun iad a bhaint amach (féach mír ***09***). Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin córas faireacháin agus tuairiscithe réamhshainithe a chur ar fáil do na cathracha Misin. Rinneadh an Misean a dhearadh ionas go bhféadfaí an ceann is fearr a fháil ar theorainneacha an chláir Tí Solais. Mar sin féin, tá sé róluath chun measúnú a dhéanamh ar a chur chun feidhme (féach míreanna ***23*** agus ***24***).

## Is cuid de thacar ilroinnte de thionscnaimh de chuid an Aontais le haghaidh cathracha é an clár Tí Solais, agus gan ach comhordú teoranta ag baint leis

**26** I dtréimhse 2014-2020, bhainistigh an Coimisiún breis agus 50 tionscnamh nó thug sé tacaíocht dóibh, lena n-áirítear ionstraimí cistiúcháin agus gníomhaíochtaí tacaíochta, agus iad ábhartha go díreach nó go hindíreach don fhorbairt uirbeach (féach ***Iarscríbhinn IV***).

**27** Rinne 12 ardstiúrthóireacht de chuid an Choimisiúin agus trí ghníomhaireacht feidhmiúcháin na tionscnaimh sin a sheoladh, a bhainistiú agus a chur faoi fhaireachán agus leanann siad de bhainistiú agus d'fhaireachán a dhéanamh ar na tionscnaimh sin atá fós ar siúl. Bhí Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh, na Soghluaisteachta agus an Iompair, agus Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, mar aon le CINEA, ar thús cadhnaíochta i dtaca leis an réimse T&N. Ina theannta sin, rinne Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, faoi bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit, faireachán ar chur in úsáid na gcistí struchtúracha atá ina gcrann taca ag an infheistíocht san fhorbairt uirbeach.

**28** Bhunaigh an Coimisiún naisc dhíreacha idir an clár Tí Solais agus roinnt tionscnaimh eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le cathracha Tí Solais agus cathracha Comhshamhla, go háirithe an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht maidir le Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste (féach mír ***20***), an Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh (féach mír ***21***), Grúpa na gCathracha Inscálaithe (féach mír ***54***), agus Ionad Margaidh na gCathracha Cliste (féach mír ***55***).

**29** Mar sin féin, níorbh ann do straitéis fhoriomlán chun tionscnaimh eile de chuid an Aontais maidir le cathracha cliste agus forbairt uirbeach a threorú agus a nascadh. Dá thoradh sin, ba theoranta an comhordú a bhí ann idir an clár Tí Solais agus ionstraimí cistiúcháin agus tionscnaimh chistiúcháin seachas iad siúd a liostaítear i mír *28*. De thoradh an mheasúnaithe a rinneamar ar chláir oibre Fís 2020 agus agallaimh le cathracha, oifigigh de chuid an Choimisiúin agus oifigigh thionscadail de chuid CINEA, thugamar faoi deara, go háirithe, nár bhunaigh an Coimisiún naisc idir an clár Tí Solais agus ionstraimí eile cistiúcháin agus nár chuir sé faisnéis ar fáil do chathracha Tí Solais ná do chathracha Comhshamhla ar na hionstraimí sin. Thairis sin, ní raibh aon struchtúr rialachais tras-rannach foirmiúil ann laistigh den Choimisiún chun comhordú a dhéanamh ar ionstraimí cistiúcháin an Aontais agus ar thionscnaimh eile a bhaineann le cathracha cliste nó le forbairt uirbeach. Tá an easpa straitéise foriomláine an-suntasach, ós rud é nach bhfuil cistiú chun na réitigh a mhacasamhlú san áireamh i ndearadh an chláir Tí Solais.

**30** Tá sé beartaithe ag an Misean tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais a chomhordú i réimse na gcathracha cliste agus na forbartha uirbí agus, trí bhíthin Ardán an Mhisin (féach mír *10*), cabhrú le cathracha cistiú a chomhthiomsú ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha éagsúla. Mar sin féin, tá sé róluath faoi láthair a mheasúnú an dtacóidh gníomhaíochtaí an Choimisiúin go héifeachtach leis an Misean chun an sprioc sin a bhaint amach.

## Tá na tionscadail Tí Solais tar éis torthaí nithiúla a bhaint amach ach is iomaí sin dúshlán a bhí le sárú acu


**31** Is é aidhm na dtionscadal Tí Solais ná réitigh uirbeacha nuálacha a léirchruthú i gcathracha Tí Solais agus macasamhlú na réiteach sin a chur chun cinn i gcathracha Tí Solais agus i gcathracha Comhshamhla araon. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór do na cathracha rannpháirteacha ról a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha uile atá in éiceachóras na gcathracha cliste, a gcuid saoránach go háirithe.

### Tá torthaí nithiúla bainte amach ag na tionscadail Tí Solais atá dúnta agus chomhlíon siad a gcuid spriocanna indibhidiúla den chuid is mó

**32** Cé gur deacair réitigh aonair a shonrú astu féin, d'éirigh linn, de thoradh na hanailíse a rinneamar ar chomhaontuithe deontais agus ar thuarascálacha cur chun feidhme 16 cinn de na tionscadail, teacht ar na céadta réiteach cliste a bhí beartaithe i gcathracha Tí Solais. Fuaireamar amach gur le cúrsaí fuinnimh a bhain tromlach na réiteach sin.

**33** I *bhFíor 1*, taispeántar cineálacha éagsúla réiteach agus an sciar de na cathracha Tí Solais a thug isteach nó a thabharfaidh isteach iad, a bhuí leis na tionscadail a ndearnadh iniúchóireacht orthu. Tá samplaí de na réitigh sin i *mBosca 1*.

## Fíor 1 – Cineálacha réiteach cathrach cliste agus an sciar de na cathracha Tí Solais atá á dtabhairt isteach




*Foinse:* Suirbhé de chuid CIE.

## Bosca 1

### Samplaí de réitigh le haghaidh cathracha cliste atá in úsáid ag na tionscadail Tí Solais

**BARCELONA (an Spáinn)** – Léirchruthaigh cathair Barcelona réiteach i bhfoirm 'túir chliste', lena ndéantar cuaillí solais a aistriú isteach ina moil dáilte teileachumarsáide uirbeacha agus lena bhfeabhsaítear naisc líonra gan sreang. Leis na túir sin cuirtear bonneagar nascachta foinse oscailte ar fáil agus is féidir cineálacha éagsúla braiteoirí a chur in airde orthu, lena n-áirítear braiteoirí le haghaidh cháilíocht an aeir nó faireachán tráchta. Is freagra é an réiteach sin ar an éileamh méadaitheach atá ar nascacht agus is féidir, dá bharr, feidhmiúlachtaí Idirlíon na Rudaí Nithiúla a chur sa siúl. Shuiteáil bardas na cathrach naoi dtúr mar chuid den tionscadal 'GrowSmarter', a bhí ag freastal ar 2 200 úsáideoir agus a láimhseáil 55 GB de shonraí in aghaidh na míosa. Ach ar tháinig deireadh leis an tionscadal, chrom an bardas ar thúir bhreise a shuiteáil in áiteanna eile sa chathair.



**Túr cliste in Barcelona.**

**DRESDEN (an Ghearmáin)** – Mar chuid den tionscadal 'MAtchUp', rinne cathair Dresden réiteach nua teirmeastórála a chur in úsáid i Stáisiún Cumhachta Nuálaíochta Reick chun méadú a chur ar a éifeachtúlacht ó thaobh téamh ceantair de. Is éard atá sa teirmeastóráil a suiteáladh ná 20 árthach brú le haghaidh toilleadh uisce iomlán de 7 800 $m^3$, anuas ar na 6 600 $m^3$ a bhí suiteáilte ansin cheana féin. De thoradh an t-aonad a bheith méadaithe, tá breis solúbthachta sa soláthar fuinnimh agus tá barr feabhais curtha ar oibriú an ghléasra cumhachta, agus laghdú os cionn 7 300 tona dá réir ar na hastaíochtaí bliantúla CO2. I bhfad na haimsire, beifear in ann teas glas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a stóráil, agus beidh buntáistí comhshaoil níos mó fós ann dá chionn sin.



**Teirmeastóráil i Stáisiún Cumhachta Nuálaíochta Reick, SachsenEnergie, Killig 2021.**

**ROTTERDAM (an Ísiltír)** – Mar chuid den tionscadal 'Ruggedised', d'fhorbair RET, oibreoir iompair phoiblí Rotterdam, bogearra pleanála chun barr feabhais a chur ar sceidil luchtaithe a chuid busanna leictreacha. Sa bhogearra sin baintear úsáid as faisnéis fíor-ama i dtaobh ceallraí bus agus i dtaobh trácht uirbeach chun turais bhus a bharrfheabhsú agus chun an t-ídiú foriomlán leictreachais a laghdú, agus iad ag cloí freisin leis na tráthchláir. Tá rún ag RET an réiteach sin a uas-scálú ionas go gcuirfear i bhfeidhm é ar an bhflít iomlán busanna in Rotterdam, ar busanna leictreacha amháin a bheidh ann faoi 2030.




**Busanna leictreacha in Rotterdam.**

**34** Faoi dheireadh 2022, bhí naoi gcinn de na 18 dtionscadal Tí Solais dúnta. Maidir leis na tionscadail a bhí fágtha, bhíothas ag dréim leis, mura gcuirfí moill ar aon cheann díobh, go dtiocfadh deireadh le ceithre cinn acu in 2023, ceithre cinn in 2024, agus ceann amháin in 2025. Rinneamar anailís ar na naoi dtionscadal a bhí dúnta (féach ***Iarscríbhinn I***) chun go bhfaighimis amach cé mhéad réiteach:

- a cuireadh in úsáid i gcomhréir leis na pleananna bunaidh a bhí sna comhaontuithe deontais;
- a cuireadh in úsáid, ach nach ndearnadh é sin i gcomhréir leis na pleananna bunaidh; agus
- nár cuireadh in úsáid go hiomlán faoi dheireadh an tionscadail (féach ***Fíor 2***).

## Fíor 2 – Cur in úsáid na réiteach i gcathracha Tí Solais (ar an iomlán agus de réir réimse feidhme)




*Foinse:* CIE, bunaithe ar thuarascálacha, ar cheistneoirí agus ar agallaimh le comhordaitheoirí tionscadail agus le cathracha.

**35** Maidir leis na hinseachadáin a rabhthas ag dréim leo i gcás na 18 dtionscadal, bhí spriocanna tionscadalsonracha, idir cháilíochtúil agus chainníochtúil, sna comhaontuithe deontais. Áiríodh orthu sin, mar shampla, ardán TF soghluaisteachta a chur in úsáid, méadú a chur ar an úsáid a bhaintear as foinsí fuinnimh in-athnuaite, billí fuinnimh a laghdú (spriocanna cáilíochtúla), coigilt fuinnimh 30 % i ndáil le foirgnimh athchóirithe, agus laghdú 5 000 tona in aghaidh na bliana ar astaíochtaí CO2 (spriocanna cainníochtúla).


**36** Cé nárbh fhéidir sonraí a chomhiomlánú agus na leibhéil fhoriomlána feidhmíochta a ríomh i ndáil leis an gclár Tí Solais (féach mír ***24***), rinneamar anailís ar thuarascálacha oifigiúla féachaint ar éirigh le tionscadail aonair Tí Solais na spriocanna a bhí sna comhaontuithe deontais a bhaint amach, amhail ídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO2 a laghdú agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Níor cumhdaíodh san anailís sin ach seacht dtionscadal a bhí dúnta agus a raibh faisnéis a bhí mionsonraithe go leor le fáil ina leith. Mar sin féin, fuaireamar amach go raibh

thart ar dhá thrian de na spriocanna a rabhthas ag dréim leo bainte amach nó sáraithe ag na tionscadail sin. Agus baineadh amach go pointe áirithe aon trian de na spriocanna, go háirithe maidir le coigilteas fuinnimh agus laghdú ar astaíochtaí CO2.

## Tá tús curtha le macasamhlú réiteach cathrach cliste laistigh de chuibhreannais tionscadail, ach tá bacainní suntasacha ann

**37** Trí anailís a dhéanamh ar na tuarascálacha tionscadail agus trí fhaisnéis a bhailiú ó chomhordaitheoirí tionscadail agus ó chathracha na naoi dtionscadal a bhí dúnta, rinneamar measúnú féachaint cá mhéad réiteach tionscadail a bhí pleanáilte agus a ndearnadh iad a mhacasamhlú i gcathracha eile, cé go bhféadfadh sé go dtógfadh macasamhlú na blianta agus cé go bhfuil a lán tionscadal ann a tugadh chun críche le déanaí nó atá ar siúl go fóill. Tá achoimre i ***bhFíor 3*** ar thorthaí an mheasúnaithe a rinneamar.

### Fíor 3 – An cion de na réitigh thionscadail a bhí phleanáilte agus a ndearnadh iad a mhacasamhlú i gcathracha Tí Solais agus i gcathracha Comhshamhla (ar an iomlán agus de réir réimse feidhme)





*Foinse:* CIE, bunaithe ar thuarascálacha, ar cheistneoirí agus ar agallaimh le comhordaitheoirí tionscadail agus le cathracha.

**38** Dhearbhaigh na cathracha Tí Solais a d'fhreagair ár suirbhé go raibh pleananna acu 59 % de na réitigh thionscadail a mhacasamhlú. Agus dhearbhaigh 90 % de na cathracha Comhshamhla go raibh sé ar intinn acu réiteach amháin ar a laghad a bhí léirchruthaithe ina dtionscadal Tí Solais a mhacasamhlú.

**39** Tá forléargas i ***bhFíor 4*** ar na constaicí is minice a bhíonn ar mhacasamhlú réiteach tionscadail agus ar an gcéatadán de na cathracha a bhfuil taithí acu orthu. An bhraistint go bhfuil easpa cistiúcháin phríobháidigh agus phoiblí ina bhac suntasach ar réitigh a mhacasamhlú, tá nasc idir í agus an fíoras nach maoinítear macasamhlú den sórt sin faoin gclár Tí Solais agus tá nasc idir í freisin agus gan comhordú leordhóthanach a bheith ann le tionscnaimh eile (féach mír ***29***). Ina theannta sin, tá cuid de na réitigh thionscadail neamhaibí, agus is cúis eile é sin leis an easpa cistiúcháin phríobháidigh (féach mír ***59***).

### Fíor 4 – An cion de na cathracha Tí Solais agus de na cathracha Comhshamhla a bhfuil taithí acu ar bhacainní roimh réitigh thionscadail a mhacasamhlú





*Foinse:* Suirbhé de chuid CIE.

**40** Leis na comhaontuithe deontais, cuirtear de cheangal ar na tionscadail Tí Solais a ngníomhaíochtaí agus a bhforthorthaí a chomhroinnt leis an bpobal, go sonrach le cathracha a bhféadfadh spéis a bheith acu sa tionscnamh. Leis an gcomhroinnt faisnéise sin spreagtar daoine eile chun na réitigh thionscadail a mhacasamhlú lasmuigh de chomhpháirtithe an tionscadail Tí Solais. Mar sin féin, tá sé róluath a mheasúnú an ndéanfaidh dreamanna eile lasmuigh de chuibhreannais na dtionscadal Tí Solais na torthaí tionscadail a mhacasamhlú (féach mír *37*).

### De bharr na ndúshlán a bhí le sárú ag na tionscadail Tí Solais, tá moilleanna suntasacha tagtha chun cinn

**41** Oibríonn na tionscadail Tí Solais i dtimpeallachtaí uirbeacha atá casta agus atá ag síorathrú. Dá thoradh sin, bhí roinnt dúshlán roimh na cathracha Tí Solais agus moill dá réir ar chur in úsáid na réiteach a bhí beartaithe agus, i gcásanna áirithe (féach mír *34*), b'éigean na réitigh a athdhearadh nó a chur ar ceal. Tá liosta i ***bhFíor 5*** de chineálacha agus minicíocht na ndúshlán sin. I ***mBosca 2***, léirítear cuid acu le samplaí nithiúla.

## Fíor 5 – Líon na dtionscadal Tí Solais a bhfuil dúshláin shainaitheanta rompu




*Foinse:* Ceistneoirí, cruinnithe le comhordaitheoirí tionscadail, agus tuarascálacha ó na 18 dtionscadal Tí Solais.

### Bosca 2

### Samplaí de na dúshláin a bhí roimh chathracha

**TRENTO (an Iodáil)** – Mar chuid den tionscadal 'Stardust', theastaigh ó chathair Trento trí bhloc tithíochta sóisialta ina raibh 156 árasán a iarfheistiú agus réitigh nuálacha fuinnimh in-athnuaite a fheistiú iontu. Tharla roinnt moilleanna ar an obair foirgníochta, de dheasca maorlathais den chuid is mó, agus cuireadh stop go hiomlán leis an obair sin nuair a d'fhormheas rialtas na hIodáile, mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, an 't-ollbhónas 110 %'. Leis an mbeart speisialta faoisimh cánach sin, tugadh creidmheas cánach 110 % ar speansais arna dtabhú chun méadú a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh. Toisc gur cuireadh dreasachtaí níos tarraingtí ar fáil leis an 'ollbhónas' ná mar a cuireadh le Fís 2020, níor ghlac cuid de na húinéirí a raibh árasán príobháideach acu leis an tairiscint a tugadh faoi tionscadal 'Stardust' agus roghnaigh siad réiteach iarfheistithe a bhí níos coimeádaí.

**UTRECHT (an Ísiltír)** – Mar chuid den tionscadal 'IRIS', bheartaigh cuideachta tithíochta sóisialta in Utrecht 12 fhoirgneamh árasán a iarfheistiú ach chuir saoránaigh ina choinne sin. Sa cheantar ísealioncaim agus ilchultúrtha a roghnaíodh le haghaidh na ngníomhaíochtaí léirchruthúcháin, tháinig neamhréir chun cinn idir bunriachtanais na saoránach go mbeidís i gcóngar scoile, go mbeadh bia inacmhainne ar fáil dóibh agus go mbeadh leibhéal cuí sábháilteachta ann, agus sprioc an tionscadail, is é sin teicneolaíochtaí cliste a chur in úsáid ar mhaithe le héifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh. Mar sin, cheap comhpháirtithe an tionscadail ambasadóirí áitiúla, a chuaigh ó dhoras go doras chun na réitigh a bhí beartaithe a mhíniú, agus d'eagraigh siad seisiúin faisnéise scoile chun teacht ar na tuismitheoirí trína leanaí. Faoi dheireadh, d'éirigh leis an tionscadal ceithre cinn de na 12 fhoirgneamh bunaidh a iarfheistiú agus cuireadh foirgnimh nua in ionad na n-ocht gcinn eile acu.



**Foirgneamh iarfheistithe in Utrecht.**

**VÍN (an Ostair)** – Mar chuid den tionscadal 'Smarter Together', léirchruthaigh cathair Vín iliomad réiteach leictrea-shoghluaisteachta chun laghdú a dhéanamh ar an éileamh fuinnimh, ar an ídiú breosla iontaise agus ar astaíochtaí CO2, agus feabhas á chur freisin ar shoghluaisteacht na gcónaitheoirí agus na ngnólachtaí. Is éard a bhí i gceann amháin de na réitigh ná seirbhís um chomhroinnt carranna leictreacha le haghaidh comharsanachtaí tithíochta sóisialta. Ós rud é, áfach, nach raibh an tsamhail ghnó don réiteach sin inbhuanaithe gan deontais ón Aontas, níor leanadh den chomhar le soláthraí na gcarranna leictreacha nuair a tháinig deireadh leis an tionscadal Tí Solais. Níos déanaí, ag tógáil ar an taithí a fuarthas, rinne an chuideachta tithíochta sóisialta agus oibreoirí eile an tseirbhís a athdhearadh trína oscailt do phobal níos leithne agus tháinig siad ar sholáthraí nua. Dá thoradh sin, tá an tseirbhís ag feidhmiú anois agus í inbhuanaithe.

**42** Rinne paindéim COVID-19 dochar do chur chun feidhme 16 thionscadal Tí Solais, de dheasca na nithe seo a leanas go háirithe:


- moill a chur ar ghníomhaíochtaí tionscadail nó iad a chur ar ceal (e.g., le linn na ndianghlasálacha, níorbh fhéidir le húinéirí árasáin teacht le chéile chun vóta a chaitheamh i dtaobh ar cheart obair iarfheistithe a fhormheas, agus níorbh fhéidir malartú idir piaraí ar an láthair a dhéanamh idir cathracha Tí Solais agus cathracha Comhshamhla); agus
- cuireadh as a riocht an faireachán ar réitigh a bhí curtha in úsáid (e.g., le linn na ndianghlasálacha, na luachanna tomhaltais fuinnimh a bhain le foirgnimh iarfheistithe, bhí siad aimhrialta agus níor baineadh ach tearcúsáid as réitigh nua iompair phoiblí).

**43** An ghéarchéim dhomhanda fuinnimh a bhris amach in 2021, rinne sí difear ar leibhéil éagsúla do na tionscadail Tí Solais. De bharr luaineacht ard praghsanna agus éiginnteacht sna margaí fuinnimh, amhábhar agus comhpháirteanna, chuir gnólachtaí agus údaráis phoiblí tionscadail nua infheistíochta ar athló. Mar shampla, coinníodh siar réiteach nuálach comhghiniúna teasa agus cumhachta i gcathair amháin Tí Solais agus cuireadh réiteach ar scála níos lú ina ionad ar deireadh ós rud é gur dheacair na costais oibriúcháin a bheadh uirthi sa todhchaí a ionsamhlú.

**44** De dheasca na moilleanna sin, d’iarr naoi dtionscadal Tí Solais síneadh ama 6-18 mí (sa bhreis ar a dtréimhse bhunaidh 60 mí) (féach ***Iarscríbhinn I***). Agus bhí naoi dtionscadal eile ann nár éirigh leo a réitigh go léir a chur in úsáid in am chun go ndéanfaí faireachán ar a bhfeidhmíocht ar feadh 24 mhí nó níos faide, in ainneoin an dualgas sin a bheith ann faoi chláir oibre Fís 2020.

**45** Rinne cathracha modhnú ar a ngníomhaíochtaí agus a réitigh phleanáilte mar gheall ar na dúshláin a bhí ann, agus dá thoradh sin rinneadh 73 leasú ar chomhaontuithe deontais – ceithre leasú ar an meán in aghaidh an tionscadail Tí Solais. Ullmhaíodh naoi leasú breise le linn an iniúchta, agus d’fhéadfadh tionscadail atá ar siúl go fóill leasuithe breise a iarraidh. I ***dTábla 3***, tugtar achoimre ar na hathruithe sonracha a rinneadh ar na comhaontuithe deontais.

## Tábla 3 – Leasuithe a rinneadh ar na comhaontuithe deontais




*Foinse:* Leasuithe a rinneadh ar na comhaontuithe deontais (An stádas ag deireadh 2022).

**46** Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir na comhordaitheoirí tionscadail ar fáil, bhí próiseas leasaithe amháin ar a laghad ag dhá thrian de na tionscadail agus mhair na próisis sin idir sé mhí agus dhá bhliain, ón bplé neamhfhoirmiúil tosaigh go dtí an t-iarratas foirmiúil agus an formheas foirmiúil. Bhí baint ag castacht na dtionscadal agus ag na hathruithe ba ghá chun dul in oiriúint don timpeallacht uirbeach athraitheach le ré na bpróiseas leasaithe.

**47** De bharr próisis fhada leasaithe, cuirtear moill ar ghníomhaíochtaí tionscadail ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, agus iad ag feitheamh ar an bhformheas foirmiúil le haghaidh iarraidh ar leasú, d’fhéadfadh sé go mbeadh ar chathracha a gcuid nósanna imeachta tairisceana a choinneáil siar nó gurbh fhearr leo iad a choinneáil siar, go mbeidís ag iarraidh ar ghnólachtaí príobháideacha gan a gcuid réiteach teicneolaíochta a shuiteáil, agus ag iarraidh ar ionaid taighde moill a chur ar earcú pearsanra nua. Idir an dá linn, i bhfianaise na forbartha tapa a thagann ar an teicneolaíocht agus ar an margadh, d’fhéadfadh sé go mbeadh réitigh le haghaidh cathracha cliste imithe as feidhm ar bhonn teicneolaíoch nó eacnamaíoch.

## Tá sé cruthaithe go bhfuil rannpháirtíocht na saoránach ríthábhachtach ach is deacair, go minic, í a bhaint amach

**48** Tá rannpháirtíocht na saoránach ríthábhachtach ó thaobh réitigh chliste a dhearadh agus a chur chun feidhme chun freastal ar a gcuid riachtanas ar an mbealach is fearr. Tá cathracha freagrach as muinín a gcuid saoránach a ghnóthú agus ba cheart don Choimisiún deimhin a dhéanamh de go bhfuil céimeanna iomchuí glactha ag cathracha chun a saoránaigh a spreagadh sula gcuireann siad tús lena dtionscadail cathrach cliste nó le linn na dtionscadal sin. Is iomaí tionscadal Tí Solais a raibh dúshlán suntasach roimhe ó thaobh rannpháirtíocht na saoránach de.

**49** D'úsáid gach aon chathair Tí Solais a straitéis féin chun muinín a chothú lena saoránaigh agus ról gníomhach a thabhairt dóibh i ndearadh agus leathadh amach na réiteach tionscadail. Thairis sin, bhí leibhéal rannpháirtíochta na saoránach ag brath ar chineál an réitigh. Mar shampla, cé nár ghá go mbeadh baint dhíreach ag saoránaigh le hathchóiriú ionaid comhdhála, chabhraigh oifig faisnéise thiomnaithe a bhí lonnaithe i gceantar cathrach a raibh sé beartaithe athchóiriú a dhéanamh ann le saoránaigh a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhain leis na réitigh thionscadail a bhí á mbeartú agus le dul i gcion orthu gur mhaith ann na réitigh sin. Ar an gcaoi chéanna, chuidigh sraith ceardlann le cur chun feidhme deich dtionscadal uirbeacha a bhain leis an aistriú chuig fuinneamh glan, agus ba iad na saoránaigh féin go díreach a mhol go ndéanfaí na tionscadail sin.

**50** Dar le comhordaitheoirí tionscadail, bhí trí cheathrú de na tionscadail Tí Solais thíos le cur i gcoinne ó shaoránaigh nó le heaspa rannpháirtíochta ó shaoránaigh nuair a bhí na réitigh a bhí beartaithe acu á gcur in úsáid acu. Cé go gcuirtear moill ar ghníomhaíochtaí tionscadail go minic de bharr saincheisteanna rialála, teipeann ar réitigh le haghaidh cathracha cliste freisin de cheal rannpháirtíocht na saoránach, agus níos measa fós, de dheasca saoránaigh a bheith i gcoinne an réitigh (féach ***Bosca 3***).

### Bosca 3

**Samplaí den chaoi nárbh fhéidir réitigh le haghaidh cathracha cliste a chur chun feidhme i gcathracha Tí Solais toisc gur chuir saoránaigh ina gcoinne**

(a) Chuir tionóntaí árasán bac ar iarfheistiú na bhfoirgneamh ina raibh cónaí orthu, agus eagla orthu go dtiocfadh méadú ar an gcíos de thoradh na hoibre agus iad dall ar na buntáistí ó thaobh, mar shampla, billí fuinnimh níos ísle agus breis compoird.

(b) Níorbh fhéidir le teaghlaigh ar ioncam íseal a raibh cónaí orthu i dtithíocht shóisialta comhinfheistíocht a dhéanamh i gcomhar leis an tionscadal Tí Solais chun feidhmíocht fuinnimh a dtithe a fheabhsú.

(c) Chuir tiománaithe tacsaí i gcoinne aip rianaithe suímh a chur in úsáid; bhí an aip ceaptha plódú uirbeach a laghdú ach chuir na tiománaithe tacsaí ina coinne toisc nach raibh iontaoibh acu as an soláthraí seirbhíse agus níor cheadaigh siad láimhseáil na sonraí a bailíodh.

*Foinse:* agallaimh le hionadaithe cathrach agus tuarascálacha tionscadail.

## Tá an Coimisiún tar éis tacaíocht a thabhairt do na tionscadail Tí Solais, ach go dtí seo níor éirigh leis na cathracha infheistíocht phríobháideach a tharraingt chucu

**51** Tá foireann d'oifigigh thionscadail CINEA, le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha, tar éis faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscadal Tí Solais agus treoraíocht riaracháin á cur ar fáil dóibh ag an am céanna. Ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear ré fhada na dtionscadal, tháinig athrú ar chomhdhéanamh na foirne roinnt uaireanta. Cé gur ghabh na comhordaitheoirí tionscadail a chuireamar faoi agallamh a mbuíochas as ucht na tacaíochta a fuair siad, chuir a leath in iúl gur mhian leo ráta níos lú in athrú foirne na n-oifigeach tionscadail a bheith ann.

**52** Tacaíonn an Coimisiún freisin leis na tionscadail Tí Solais agus le macasamhlú a gcuid réiteach trí bhíthin seirbhísí tiomnaithe a chuirtear ar fáil faoi scáth Ghrúpa na gCathracha Inscálaithe agus Ionad Margaidh na gCathracha Cliste. Cé gur chruthaigh sé Grúpa na gCathracha Inscálaithe go sonrach chun tacú leis na tionscadail Tí Solais, bhí Ionad Margaidh na gCathracha Cliste ann rompu. Agus freastalaíonn sé go príomha ar chathracha agus ar gheallsealbhóirí eile nach bhfuil páirteach in aon chuibhreannas tionscadal Tí Solais.

**53** Chuir an Coimisiún na seirbhísí tacaíochta sin amach ar chonradh chuig dhá chuibhreannas ar leithligh a raibh cuideachtaí príobháideacha, ionaid taighde agus eintitis eile páirteach iontu. Feidhmíonn na cuibhreannais sin mar rúnaíochtaí don dá sheirbhís agus tagann siad le chéile ar bhonn *ad hoc* chun a ngníomhaíochtaí a chomhordú.


**54** Tá sé mar aidhm ag rúnaíocht Ghrúpa na gCathracha Inscálaithe measúnú a dhéanamh ar na réitigh a léirchruthaítear leis na tionscadail Tí Solais agus tacú lena macasamhlú sna tionscadail trí chéile tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- eagrúchán a dhéanamh ar thionscnaimh um chomhroinnt eolais atá dírithe ar chathracha;
- tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun réitigh chruthaithe a mhacasamhlú; agus
- cleachtóirí a thabhairt le chéile agus comhairle a chur ar chathracha.

**55** Is éard atá in Ionad Margaidh na gCathracha Cliste ná comhar-ardán meaitseála ina dtugtar le chéile cathracha, cuideachtaí, infheisteoirí agus taighdeoirí, chun tacú le macasamhlú réiteach cliste sa mhargadh. Cuireann an tIonad Margaidh seirbhísí tacaíochta ar fáil freisin do chathracha agus do gheallsealbhóirí eile, amhail ócáidí forbartha pobail, comhroinnt dea-chleachtas, agus comhairle rialála agus airgeadais.

**56** Breis agus leath na gcathracha Tí Solais a ndearnadh suirbhé orthu, bhain siad úsáid as na seirbhísí a cuireadh ar fáil faoi scáth Ghrúpa na gCathracha Inscálaithe agus Ionad Margaidh na gCathracha Cliste; sciar níos lú de na cathracha Comhshamhla a ghlac páirt sa suirbhé a rinne amhlaidh (féach ***Fíor 6***). Ar an meán, bhí na cathracha rannpháirteacha sásta ar an iomlán leis an tacaíocht ó Ghrúpa na gCathracha Inscálaithe agus ó Ionad Margaidh na gCathracha Cliste.


## Fíor 6 – An sciar de na cathracha Tí Solais agus de na cathracha Comhshamhla a ghlac páirt sna gníomhaíochtaí a eagraíodh faoi scáth Ghrúpa na gCathracha Inscálaithe agus Ionad Margaidh na gCathracha Cliste




*Foinse.* Suirbhé de chuid CIE.

**57** Sa suirbhé, thuairiscigh líon níos mó de na cathracha gur bhain siad tairbhe as taithí a chomhroinnt le cathracha eile agus as eolas nua a ghnóthú (i.e., trí líonrú, meantóireacht, gníomhaíochtaí um neartú acmhainneachta) agus gur mó an tairbhe a bhain siad as sin ná as seirbhísí lena gcuidítear leo infheisteoirí príobháideacha a aimsiú (amhail seónna bóthair nó uirlisí meaitseála) (féach ***Fíor 7***).

## Fíor 7 – An sciar de na cathracha a bhaineann tairbhe as cineálacha éagsúla seirbhísí tacaíochta




*Foinse:* Suirbhé de chuid CIE.

**58** Ó seoladh in 2018 é, tá Ionad Margaidh na gCathracha Cliste tar éis isteach agus amach le 130 tionscnóir tionscadail cathrach cliste (cathracha den chuid is mó) a mheaitseáil le hinfheisteoirí príobháideacha agus infheistíocht iomlán os cionn €610 milliún déanta dá thoradh sin. Mar sin féin, ar chúiseanna éagsúla, níor aimsigh aon chathair Tí Solais ná aon chathair Chomhshamhla infheisteoir príobháideach trí bhíthin chomhar-ardán meaitseála Ionad Margaidh na gCathracha Cliste.

**59** Le linn na n-agallamh, mhínigh comhordaitheoirí na dtionscadal agus ionadaithe na gcathracha an chaoi ar thacaigh na gníomhaíochtaí a eagraíodh faoi scáth Ghrúpa na gCathracha Inscálaithe agus Ionad Margaidh na gCathracha Cliste leis na tionscadail Tí Solais. Mhínigh siad freisin:

- go bhfuil cuid de na réitigh thionscadail nach bhfuil sách aibí fós chun cistiú a tharraingt chucu sa ghearrthéarma, agus gur bac mór ar a macasamhlú é sin (féach mír *39*);
- gur chuidigh na gníomhaíochtaí sin le cathracha Tí Solais agus le cathracha Comhshamhla a bhforthorthaí tionscadail a chomhroinnt agus nasc a dhéanamh le cathracha agus geallsealbhóirí cathrach cliste eile; agus
- go raibh teagmhálacha úsáideacha le fáil acu de dhroim na n-ócáidí líonraithe agus na ngníomhaíochtaí eile. Mar sin féin, i gcás cuid de na hócáidí sin ní rabhthas dírithe mar ba cheart ar dhúshláin shonracha, ar theicneolaíochtaí sonracha ná ar réimsí sonracha feidhme agus ní raibh torthaí praiticiúla orthu.

## De bharr easnaimh sa mheasúnú agus san obair leantach, ní féidir leas ceart a bhaint as na tionscadail Tí Solais

### De bharr easnaimh sa chreat faireacháin agus measúnaithe, ní féidir tionchar an chláir Tí Solais a thomhas

**60** Leanann oifigigh thionscadail CINEA, le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha, creat faireacháin caighdeánach Fís 2020 agus ní dhéanann siad faireachán ar na tionscadail Tí Solais ach go deireadh a ré. Déanann siad measúnú ar thuarascálacha tionscadail, déanann siad athbhreithnithe ar thionscadail, agus eagraíonn siad cuairteanna ar an láthair agus cruinnithe fíorúla le tairbhithe tionscadail.

**61** Mar sin féin, faoi na comhaontuithe deontais tá an ceart ag an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na dtionscadal Tí Solais, go díreach nó trí bhíthin comhlachtaí seachtracha, ar feadh cúig bliana tar éis dóibh teacht chun críche. De dhroim an comhaontú deontais a shíniú, geallann rannpháirtithe an tionscadail go gcuirfidh siad an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún chun an mheastóireacht sin a dhéanamh.

**62** Ní shainítear scóip ná inneachar beacht aon mheastóireachta den sórt sin, agus níl aon phlean ann chun a leithéid a dhéanamh. Cé go gcumhdaítear an clár Tí Solais sa mheastóireacht deiridh atá ar siúl faoi láthair ar Fhís 2020, níltear ag dréim leis go ndíreofar go sonrach ar an gclár sa mheastóireacht sin[5].

**63** Tá oibleagáidí tuairiscithe teicniúla ar na tionscadail Tí Solais faisnéis a sholáthar faoina dtionchar, amhail éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe nó truailliú aeir laghdaithe. Mar sin féin, níl táscairí coiteanna feidhmíochta ann (féach mír ***24***) ná cur chuige caighdeánach maidir le faireachán tionchair. Dá réir sin, ní féidir na sonraí atá tuairiscithe a chomhiomlánú go hiomlán.

**64** Tá sé beartaithe ag rúnaíocht Ghrúpa na gCathracha Inscálaithe measúnú a dhéanamh in 2025 ar an tionchar ar an aeráid a bheidh bainte amach ag na tionscadail Tí Solais. Mar sin féin, ní shonraítear scóip ná inneachar an mheasúnaithe sin sa chonradh seirbhíse idir CINEA agus rúnaíocht Ghrúpa na gCathracha Inscálaithe.

**65** Cé gur cuid dhílis den chlár Tí Solais é macasamhlú na réiteach tionscadail agus go bhfuil sé ar cheann dá phríomhspriocanna (féach mír ***31***), níl sé beartaithe ag an gCoimisiún faoi láthair measúnú a dhéanamh ar mhacasamhlú na réiteach atá léirchruthaithe ag na tionscadail Tí Solais. D'uireasa measúnú den sórt sin, beidh sé dodhéanta, go praiticiúil, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tomhas a dhéanamh go hiomlán agus go hiontaofa ar an tionchar foriomlán a baineadh amach leis an gclár Tí Solais agus ceachtanna á dtarraingt freisin ón bpróiseas macasamhlaithe; agus
- idirdhealú a dhéanamh idir réitigh inmhacasamhlaithe agus iad siúd atá imithe as feidhm, atá neamh-inbhuanaithe, nó nach bhfuil inmhacasamhlaithe ar chúiseanna eile.

---

[5] Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013.

## Tá comhordú neamhleor leis an Misean ina bhac ar na deiseanna macasamhlaithe a d'fhéadfadh teacht ó na tionscadail Tí Solais

**66** Áirítear ar cheann d'aidhmeanna an Mhisin 'na réitigh a forbraíodh i gcláir T&N roimhe seo a mhéadú agus a mhacasamhlú'[6], lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, iad siúd a eascraíonn as an gclár Tí Solais. Trína shraith seirbhísí líonraithe agus piarfhoghlama, cuidíonn Ardán an Mhisin (féach mír *10*), leis an Misean an cuspóir sin a bhaint amach.

**67** D'fhéadfadh an Misean agus a Ardán cabhrú:

- le cathracha eile, lasmuigh den phobal reatha cathracha Tí Solais agus cathracha Comhshamhla, macasamhlú a dhéanamh ar réitigh tionscadail Tí Solais; agus
- leis na cathracha Misin tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na réitigh atá léirchruthaithe ag na tionscadail Tí Solais cheana féin agus tairbhe a bhaint as taithí na gcathracha Tí Solais agus na gcathracha Comhshamhla.

**68** Roghnaigh an Coimisiún an 112 chathair Mhisin de réir a bhfiúntais amháin agus go neamhspleách ar a rannpháirtíocht in aon chlár de chuid an Aontais a bhí ann roimhe seo. Dá chionn sin, tá 51 den 120 cathair Tí Solais agus Chomhshamhla ina gcathracha Misin freisin (féach mír *09*), agus tá cathracha eile ann nach bhfuil an stádas sin acu.

**69** Cé go bhfuil méid áirithe comhair ann idir Grúpa na gCathracha Inscálaithe agus Ardán an Mhisin, níl aon fhoráil i bplean cur chun feidhme an Mhisin i dtaobh sásraí comhordúcháin a bhunú idir an dá sheirbhís.

**70** Chun tacú le hobair Ardán an Mhisin, rinne Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin anailís ar réitigh T&N a bhfuil sé cruthaithe go n-oibríonn siad agus atá ábhartha ó thaobh aeráidneodracht uirbeach de, lena n-áirítear tionscadail de chuid Fís 2020, agus rinne sé measúnú ar a inmhacasamhlaithe atá siad. Cé gur áiríodh san anailís roinnt samplaí de réitigh atá léirchruthaithe ag na tionscadail Tí Solais, ní raibh sé beartaithe leis an anailís sin, ná níor tugadh leis an anailís sin, léargas iomlán d'Ardán an Mhisin ar na torthaí a baineadh amach sa chlár Tí Solais.

---

[6] 100 Cathair Aereáidneodrach agus Chliste faoi 2030 – Plean Cur Chun Feidhme, 29 Meán Fómhair 2021.


**71** Níl an leibhéal comhordúcháin atá ann faoi láthair idir an clár Tí Solais agus an Misean ina chúnamh ó thaobh leas iomlán a bhaint as an taithí atá faighte ag na cathracha Tí Solais agus ag na cathracha Comhshamhla. Cuireann sé teorainn freisin leis an deis a d'fhéadfadh a bheith ann torthaí na dtionscadal Tí Solais a mhacasamhlú lasmuigh dá gcuibhreannais tionscadal.

## Tá na cathracha tar éis an-tairbhe a bhaint as cistiú ón Aontas, ach níl cinnteacht ag cathracha an Mhisin maidir leis an gcistiú foriomlán ón Aontas atá ar fáil dóibh

**72** Ní mór do chathracha an Aontais infheistíocht shuntasach a dhéanamh in T&N agus i mbonneagair nua ionas go mbeidh siad níos cliste agus chun aeráidneodracht a bhaint amach. Dá bhrí sin, agus pleananna aeráidneodrachta agus pleananna gaolmhara infheistíochta á ndearadh, is ionchur ríthábhachtach é an méid acmhainní atá ar fáil do na cathracha.

**73** Ag féachaint ar thráthchlár go dtí an bhliain 2030, mhaígh gach ceann de na cathracha Tí Solais agus de na cathracha Comhshamhla a ndearnadh suirbhé orthu, cé is moite d'aon chathair amháin, go raibh pleananna acu le haghaidh tionscadail nua cathrach cliste. Léirítear i ***bhFíor 8*** an sciar de na cathracha Tí Solais agus de na cathracha Comhshamhla a bhfuil tionscadail amach anseo á mbeartú acu de réir réimse feidhme, gan beann ar a rannpháirtíocht sa Mhisean.

**Fíor 8 – An sciar de na cathracha Tí Solais agus de na cathracha Comhshamhla a bhfuil tionscadail cathrach cliste amach anseo á mbeartú acu de réir réimse feidhme**




*Foinse:* Suirbhé de chuid CIE.

**74** Ar an meán, tá sé beartaithe ag gach aon chathair Tí Solais thart ar €1.1 billiún a infheistiú agus ag gach aon chathair Chomhshamhla €400 milliún a infheistiú chun na tionscadail sin a chur i gcrích. I *dTábla 4*, liostaítear na trí phríomhfhoinse chistiúcháin atá beartaithe ag na cathracha Tí Solais agus ag na cathracha Comhshamhla a úsáid le haghaidh a bpleananna infheistíochta.

### Tábla 4 – Na príomhfhoinsí cistiúcháin le haghaidh tionscadail cathrach cliste amach anseo atá beartaithe ag na cathracha Tí Solais agus ag na cathracha Comhshamhla

| Cathracha Tí Solais | Cathracha Comhshamhla |
|---|---|
| **Acmhainní dílse** | **Cistí poiblí náisiúnta/réigiúnacha** |
| **Cistí AE faoi bhainistíocht dhíreach** | **Cistí AE faoi bhainistíocht chomhroinnte** |
| **Cistí poiblí náisiúnta/réigiúnacha** | **Cistí AE faoi bhainistíocht dhíreach** |

*Foinse:* Suirbhé de chuid CIE.

**75** Dar leis an díorma saineolaithe atá fostaithe ag an gCoimisiún chun tacú le dearadh an Mhisin (an 'Bord Misin'), bheadh ar 100 cathair Eorpach ina bhfuil daonra de 100 000 ar an meán €96 bhilliún a infheistiú ionas go mbeidís aeráidneodrach faoi 2030[7].

**76** Léirigh 377 gcathair san iomlán gur spéis leo páirt a ghlacadh sa Mhisean. Astu sin, cháiligh 112 don chlár agus rinneadh cathracha Misin díobh. Chuir 35 chathair díobh sin faisnéis ar fáil maidir leis an gcaipiteal a bheadh de dhíth orthu le haghaidh gníomhaíochtaí aeráidneodracha. B'ionann na riachtanais a shonraigh siad agus €112 bhilliún san iomlán agus bhí suimeanna éagsúla caipitil idir €2.1 billiún agus €12 bhilliún i gceist iontu.

**77** Is mó i bhfad na riachtanais infheistíochta a mheastar a bheidh ag na cathracha (féach míreanna *74-76*) ná an cistiú a sholáthair an tAontas trí Fís 2020 agus is féidir leis a sholáthar trí Fís Eorpach nó trí ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais. Mar sin féin, tá ról fíorthábhachtach ag Creatchlár an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus um Nuálaíocht. Thuairiscigh na cathracha Tí Solais agus na cathracha Comhshamhla gur chuidigh an clár le cathracha:

- comhar idirnáisiúnta a bhunú le cathracha eile agus le geallsealbhóirí cathrach cliste (mar a thuairiscigh 67 % de na cathracha Tí Solais agus na cathracha Comhshamhla a ndearnadh suirbhé orthu);

[7] '100 Cathair Aereáidneodrach agus Chliste faoi 2030 – Plean Cur Chun Feidhme', 29 Meán Fómhair 2021.

- tástáil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus réitigh uirbeacha nuálacha, rud nach bhféadfadh a bheith déanta acu trí úsáid a bhaint as foinsí cistiúcháin eile (mar a thuairiscigh 53 % de na cathracha Tí Solais a ndearnadh suirbhé orthu); agus
- páirt a ghlacadh i dtionscadail T&N eile, a bhuí leis an taithí a fuair siad agus leis an líonra idirnáisiúnta teagmhálacha a bhunaigh siad (mar a thuairiscigh beagnach 60 % de chomhordaitheoirí na dtionscadal Tí Solais a cuireadh faoi agallamh).

**78** Faoi láthair, tacaíonn na hionstraimí cistiúcháin seo a leanas de chuid an Aontais leis an Misean agus é ag saothrú na sprice atá aige 100 cathair aeráidneodrach a bheith ann faoi 2030:

- go dtí seo d'eisigh Fís Eorpach glaonna ar thograí agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an Misean go sonrach dar luach €254 mhilliún san iomlán faoi chlár oibre 2021-2022 agus €105 mhilliún in 2023;
- sna glaonna ar thograí a d'fhoilsigh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2022 le haghaidh tionscadail de chuid an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair, dar luach €5.12 billiún san iomlán, sonraíodh go ndéanfar rannpháirtíocht sa Mhisean a bhreithniú freisin sa chritéar dámhachtana ar a dtugtar '*Tosaíocht agus práinn*'[8];
- sa ghlao ar thograí ón gclár LIFE le haghaidh 'Tionscadail Chomhtháite Straitéiseacha – Gníomhú ar son na hAeráide', dar luach €30 milliún, sonraíodh gur féidir le hiarratasóirí díriú ar ghníomhaíochtaí uirbeacha, lena n-áirítear i gcomhthéacs Mhisean an Aontais Eorpaigh maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste[9];
- go dtí seo, bronnadh €140 milliún ar Ardán an Mhisin, agus tá sé beartaithe go mbainfear úsáid as 60 % de sin chun cláir phíolótacha uirbeacha T&N a chistiú; agus
- cuireadh glao le haghaidh tionscadal amach in 2023 faoin Tionscnamh Uirbeach Eorpach arbh fhiú €120 milliún é agus ar glao é atá ag tacú le naisc a chruthú leis an Misean.

---

[8] Glao ar thograí: 'CEF 2 – Iompar', 13 Meán Fómhair 2022.

[9] Glao ar thograí – 'Tionscadail Straitéiseacha Dúlra agus Tionscadail Chomhtháite', 6 Bealtaine 2022.

79 Ina theannta sin, gheall 13 Bhallstát (an Bhulgáir, an Chróit, an Ghréig, an Iodáil, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn, agus an Ungáir) go n-áireofaí bearta lena rannchuideofaí leis an Misean ina gcláir oibríochtúla náisiúnta nó réigiúnacha.

80 Sonraítear i bplean cur chun feidhme an Mhisin go mbeidh buiséad ag Fís Eorpach don aeráidneodracht i gcathracha. Mar sin féin, i gcomhréir le creat rialála Fís Eorpach, ní leithdháiltear an buiséad sin go sonrach ar an 112 chathair de chuid an Mhisin. Mar shampla, sa chéad bhabhta de na glaonna ar thograí faoi Fís Eorpach atá dírithe ar chathracha, níl ach 48 % de na cathracha a cistíodh san áireamh sa liosta den 112 chathair Mhisin.

81 Is amhlaidh atá i gcás na n-acmhainní de chuid Fís 2020 a chuir Ardán an Mhisin ar fáil go dtí seo chun tacú le tionscadail phíolótacha agus mhacasamhlúcháin a bhfuil na cathracha féin ina mbun. Cé go bhfágann na teorainneacha dlíthiúla a eascraíonn as an Rialachán maidir le Fís 2020 go bhfuil cosc curtha ar Ardán an Mhisin a chuid acmhainní a leithdháileadh go sonrach ar ghrúpa réamhshainithe eintiteas, ní bheidh feidhm ag aon teorainn den sórt sin faoin gclár Fís Eorpach.

82 Tá rún ag an gCoimisiún 'Lipéad Misin' a bhronnadh ar an 112 chathair Mhisin a roghnaíodh. Leis an aitheantas sin, bheifí in ann díriú ar ghlaonna ar thograí de chuid an Aontais ina ndéantar tagairt dó go sainráite ina nósanna imeachta dámhachtana. Mar sin féin, níl faisnéis ar fáil go fóill faoin gcaoi a n-oibreoidh an Lipéad Misin sin ná faoi na cláir mhaoiniúcháin a mbeidh feidhm aige maidir leo.

83 Chuir an Bord Misin comhairle ar an gCoimisiún saoráid nua um 'iasachtú agus cumasc' (teaglaim d'ionstraimí airgeadais agus de dheontais) a chur ar bun, agus é a bheith le cómhaoiniú ag Fís Eorpach agus ag InvestEU, chun tacú leis na cathracha Misin. Tá seoladh féideartha na saoráide á phlé ag an gCoimisiún faoi láthair le BEI. Mar sin féin, de réir phlean cur chun feidhme an Mhisin, ní bheidh aon ionstraim den sórt sin ann roimh 2024.

84 Tugaimid ar aire, maidir leis an gcuspóir uaillmhianach go ndéanfar aeráidneodracht a bhaint amach i 100 cathair de chuid an Aontais faoi 2030, gur gá iarracht fhorleathan agus gníomhaíochtaí fairsinge éascúcháin a bheith ann lena aghaidh. Cé nach leor é as féin, is féidir le cistiú ón Aontas cur go mór le dearadh agus cur chun feidhme phleananna aeráidneodrachta na gcathracha Misin. Taobh amuigh de na hacmhainní atá tiomanta don Mhisean, áfach, níl cinnteacht ag na cathracha Misin maidir leis na hacmhainní (poiblí agus príobháideacha) atá nó a bheidh ar fáil dóibh ná maidir leis na bealaí trína bhféadfar na hacmhainní sin a fháil.

# Conclúidí agus moltaí

## Conclúidí

**85** Is í an chonclúid fhoriomlán atá againn ná go bhfuil na cathracha rannpháirteacha tar éis tairbhe a bhaint as an gclár Tí Solais toisc gur thacaigh an clár lena n-iarrachtaí a bheith níos cliste trí réitigh nuálacha chliste a chur in úsáid. Mar sin féin, tá bac á chur ar mhacasamhlú na réiteach sin de cheal cistiú poiblí (cistiú ón Aontas agus cistiú náisiúnta) agus cistiú príobháideach araon. Thairis sin, an taithí a fuarthas ó na cathracha rannpháirteacha, tá an baol ann nach mbainfear leas iomlán aisti i bhfianaise an leibhéil comhordaithe atá ann faoi láthair idir an clár Tí Solais agus an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste faoi Fís Eorpach.

**86** Fuaireamar amach gur chuir an Coimisiún dearadh maith ar an gclár Tí Solais. I gcomhréir le cineál comhoibritheach agus trasearnálach na dtionscadal cathrach cliste, chuir dearadh an chláir Tí Solais an creat iomchuí ar fáil chun geallsealbhóirí a thabhairt le chéile agus chun teicneolaíochtaí atá gar don mhargadh ó réimsí éagsúla a léirchruthú (féach míreanna *18*-*22*).

**87** Mar sin féin, ba chuid de thacar ilroinnte d'ionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais agus de thionscnaimh eile a bhí sa chlár, nach raibh straitéis fhoriomlán ná comhordú iomchuí le sonrú air. Bhí easpa táscairí tionchair agus spriocanna uileghabhálacha le sonrú air freisin. I ndáil leis an méid sin, thugamar ar aire go bhfuil táscairí agus spriocanna cainníochtúla ag an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste faoi Fís Eorpach agus go bhfuil sé mar aidhm leis tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais a chomhordú i réimse na gcathracha cliste agus na forbartha uirbí. Tá sé róluath fós, áfach, chun measúnú a dhéanamh ar a thionchar (féach míreanna *23*-*30*).

**88** Bhain na tionscadail Tí Solais atá dúnta torthaí nithiúla amach agus chomhlíon siad formhór na spriocanna a rabhthas ag dréim leo uathu. Tá roinnt tionscadal ann atá tar éis cromadh ar réitigh le haghaidh cathracha cliste a mhacasamhlú laistigh de na cuibhreannais tionscadal, ach tá bacainní suntasacha ar mhacasamhlú ann, go háirithe mar gheall ar easpa cistiúchán poiblí agus cistiúchán príobháideach araon (féach míreanna *31*-*40*).

**89** D'oibrigh na tionscadail Tí Solais i dtimpeallachtaí a bhí casta agus ag síorathrú agus bhí roinnt dúshlán rompu, go háirithe ó thaobh rannpháirtíocht na saoránach a chothú. Bhí siad sin ar chuid de na fáthanna ar cuireadh athruithe agus moilleanna suntasacha ar roinnt gníomhaíochtaí tionscadail, rud ba chionsiocair lena lán leasuithe ar chomhaontuithe deontais agus a chuir isteach ar úsáid thráthúil cuid de na réitigh le haghaidh cathracha cliste (féach míreanna *41*-*50*).

**90** Thacaigh an Coimisiún leis na tionscadail Tí Solais, agus ba mhór ag na cathracha rannpháirteacha tríd is tríd an tacaíocht a tugadh dóibh. Mar sin féin, níor éirigh leis na cathracha go dtí seo infheistíocht phríobháideach a tharraingt chucu féin tríd an tseirbhís tacaíochta thiomnaithe a bhí curtha ar bun ag an gCoimisiún (féach míreanna *51*-*59*).

**91** Fuaireamar amach nach féidir le creat faireacháin agus measúnaithe an Choimisiúin an tionchar foriomlán atá bainte amach ag an gclár Tí Solais a thomhas go cuí, de cheal na nithe seo a leanas:

- pleananna chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a dhéantar macasamhlú ar réitigh le haghaidh cathracha cliste; agus
- bealach caighdeánach chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an tionchar, le táscairí comhchoiteanna feidhmíochta le haghaidh na dtionscadal go léir (féach míreanna *60*-*65*).

**92** D'fhéadfadh an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste faoi Fís Eorpach tacú le leas iomlán a bhaint as torthaí na dtionscadal Tí Solais agus as macasamhlú féideartha a gcuid réiteach. Agus d'fhéadfadh na cathracha atá rannpháirteach sa Mhisean tairbhe a bhaint as taithí na gcathracha Tí Solais agus na gcathracha Comhshamhla. Mar sin féin, tá de thoradh ar an leibhéal comhordúcháin atá ann faoi láthair idir na tionscadail Tí Solais agus Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste faoi Fís Eorpach agus ar an easpa pleananna chun measúnú a dhéanamh ar an macasamhlú go bhfuil bac á chur ar leas iomlán a bhaint as torthaí na dtionscadal Tí Solais agus as macasamhlú féideartha a gcuid réiteach (féach míreanna *66*-*71*).

**93** Is mó i bhfad na riachtanais infheistíochta a bheidh ag cathracha an Aontais amach anseo i dtionscadail cathrach cliste agus aeráidneodrachta ná na suimeanna is féidir leis an Aontas a chur ar fáil trína ionstraimí éagsúla cistiúcháin. Mar sin féin, cuireann ionstraimí cistiúcháin an Aontais amhail an clár Tí Solais luach ar fáil do chathracha an Aontais trí chuidiú leo taithí a mhalartú go hidirnáisiúnta, réitigh nuálacha a léirchruthú, agus páirt a ghlacadh i dtionscadail taighde agus nuálaíochta eile (féach míreanna ***72***-***77***).

**94** Dá réir sin, tá ról tábhachtach ag cistiú ón Aontas, i measc gníomhaíochtaí eile, ó thaobh éascaíocht a dhéanamh do ghnóthú na spriocanna aeráidneodrachta atá ag an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste faoi Fís Eorpach. Mar sin féin, níl cinnteacht ag na cathracha atá rannpháirteach sa Mhisean faoi láthair i dtaobh na n-acmhainní a chuirfidh an Coimisiún ar fáil dóibh ná faoin gcaoi ar féidir leo teacht ar na hacmhainní sin (féach míreanna ***78***-***84***).

# Moltaí

## Moladh 1 – Measúnú a dhéanamh ar chumas maoinithe na gcathracha Misin

Ba cheart don Choimisiún:

(a) a mhachnamh a dhéanamh ar acmhainneacht na gcathracha atá rannpháirteach sa Mhisean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste ó thaobh cistiú poiblí agus príobháideach leordhóthanach, lena n-áirítear cistiú ón Aontas, a chomhthiomsú, chun a spriocanna aeráidneodrachta a bhaint amach; agus

(b) feabhas a chur ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil do na cathracha sa chás go sainaithnítear laigí maoinithe a d'fhéadfadh baint amach na spriocanna Misin a chur i mbaol, trí aird ar leith a thabhairt ar shineirgí le foinsí náisiúnta agus réigiúnacha de chistiú agus d'infheistíocht phríobháideach.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2024**

## Moladh 2 – Rannpháirtíocht na saoránach a áirithiú

Chun a áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht leormhaith saoránach i gceist le tionscadail nuálaíochta uirbí a bheidh á gcistiú ag Fís Eorpach amach anseo, ba cheart don Choimisiún:

(a) nuair a bhíonn Cláir Oibre faoi Fís Eorpach á bhforbairt leis na Ballstáit aige, a chinntiú go mbíonn rannpháirtíocht leormhaith na saoránach agus gníomhaíochtaí comhdheartha le feiceáil iontu; agus

(b) dóthain solúbthachta a thabhairt do na tionscadail chun gníomhaíochtaí rannpháirtíochta saoránach a chur i gcrích ag tús na dtionscadal agus na torthaí a ionchorprú sna tionscadail sin ina dhiaidh sin.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2024**

## Moladh 3 – Measúnú a dhéanamh ar mhacasamhlú

A luaithe a thabharfar na tionscadail Tí Solais go léir chun críche, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh féachaint an ndearnadh a dtorthaí a mhacasamhlú agus na torthaí a fhothú isteach i ngníomhaíochtaí Ardán an Mhisin.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2026**

## Moladh 4 – An clár Tí Solais a chomhordú ar bhealach níos fearr leis an Misean faoi Fís Eorpach

Ba cheart don Choimisiún an comhordú idir an clár Tí Solais agus a sheirbhísí tacaíochta, ar lámh amháin, agus an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste, ar an lámh eile, a neartú agus ról a thabhairt do na cathracha Tí Solais agus do na cathracha Comhshamhla sna gníomhaíochtaí líonraithe agus piarfhoghlama atá beartaithe ag Ardán an Mhisin.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2024**

Is é Seomra IV, faoi cheannas Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an tuarascáil seo i Lucsamburg an 19 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*An tUachtarán*

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I – Liosta de thionscadail Tí Solais faoi Fís 2020

| Acrainm an tionscadail | Deontas H2020(*) | Costas iomlán(*) | Dáta tosaithe | Dáta deiridh bunaidh | Dáta deiridh iarbhír | Cathracha Tí Solais | Cathracha Comhshamhla | Comhpháirtithe eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ATELIER | €19 608 | €21 895 | 01/11/2019 | 31/10/2024 | 31/10/2024(**) | 2 | 6 | 22 |
| CityxChange | €20 000 | €23 939 | 01/11/2018 | 31/10/2023 | 31/10/2023(**) | 2 | 5 | 25 |
| GrowSmarter | €24 821 | €35 802 | 01/01/2015 | 31/12/2019 | 31/12/2019 | 3 | 5 | 32 |
| IRIS | €17 997 | €20 864 | 01/10/2017 | 30/09/2022 | 31/03/2023 | 3 | 4 | 39 |
| MAKING-CITY | €18 090 | €19 984 | 01/12/2018 | 30/11/2023 | 30/11/2023(**) | 2 | 6 | 26 |
| MAtchUP | €17 418 | €19 426 | 01/10/2017 | 30/09/2022 | 30/09/2023(**) | 3 | 4 | 21 |
| mySMARTLife | €18 656 | €21 156 | 01/12/2016 | 30/11/2021 | 30/09/2022 | 3 | 3 | 24 |
| POCITYF | €19 998 | €22 182 | 01/10/2019 | 30/09/2024 | 30/09/2024(**) | 2 | 6 | 40 |
| REMOURBAN | €21 542 | €24 755 | 01/01/2015 | 31/12/2019 | 30/06/2020 | 3 | 2 | 17 |
| REPLICATE | €24 965 | €29 268 | 01/02/2016 | 31/01/2021 | 31/01/2021 | 3 | 3 | 36 |
| RESPONSE | €19 820 | €23 558 | 01/10/2020 | 30/09/2025 | 30/09/2025(**) | 2 | 2 | 49 |
| Ruggedised | €17 693 | €19 343 | 01/11/2016 | 31/10/2021 | 31/10/2022 | 3 | 3 | 29 |
| Sharing Cities | €24 754 | €28 000 | 01/01/2016 | 31/12/2020 | 31/12/2021 | 3 | 3 | 30 |
| SmartEnCity | €27 890 | €31 479 | 01/02/2016 | 31/07/2021 | 31/07/2022 | 3 | 2 | 33 |
| Smarter together | €24 743 | €29 699 | 01/02/2016 | 31/01/2021 | 31/07/2021 | 3 | 5 | 29 |
| SPARCs | €19 701 | €23 852 | 01/10/2019 | 30/09/2024 | 30/09/2024(**) | 2 | 5 | 24 |
| STARDUST | €17 940 | €20 686 | 01/10/2017 | 30/09/2022 | 31/03/2024(**) | 3 | 4 | 24 |
| Triangulum | €25 421 | €29 508 | 01/02/2015 | 31/01/2020 | 31/01/2020 | 3 | 4 | 15 |
| **IOMLÁN** | **€381 057** | **€445 399** | | | | **48** | **72** | **515** |

(*) I míle euro.

(**) Dátaí deiridh a bhfuiltear ag dréim leo amach anseo.

## Iarscríbhinn II – Liosta de na cathracha Tí Solais agus de na cathracha Comhshamhla

| Tír | Cineál | Cathair |
|---|---|---|
| **Tíortha de chuid an Aontais** | | |
| AT – An Ostair | Teach Solais | Vín |
| | Comhshamhail | Graz |
| BE – An Bheilg | Comhshamhail | An Bhruiséil, Ostend, Seraing |
| BG – An Bhulgáir | Comhshamhail | Asenovgrad, Burgas, Gabrovo, Smolyan, Sóifia, Vidin |
| CZ – An tSeicia | Comhshamhail | Brno, Kladno, Písek, Prág |
| DE – An Ghearmáin | Teach Solais | Dresden, Hamburg, Köln, München |
| | Teach Solais agus Comhshamhail[10] | Leipzig |
| | Comhshamhail | Essen |
| DK – An Danmhairg | Teach Solais | Sonderborg |
| | Comhshamhail | Cóbanhávan, Hvidovre |
| EE – An Eastóin | Teach Solais | Tartu |
| | Comhshamhail | Võru |
| EL – An Ghréig | Comhshamhail | Alexandroupoli, Ioannina, Kifissia, Kozani, Ptolemaida |
| ES – An Spáinn | Teach Solais | Barcelona, Bilbao, Pamplona, San Sebastian, Valencia, Valladolid, Vitoria-Gasteiz |
| | Comhshamhail | Granada, León, Palencia, Sabadell, Santa Cruz de Tenerife, Santiago de Compostela, Sestao, Zaragoza |
| FI – An Fhionlainn | Teach Solais | Espoo, Heilsincí, Oulu, Tampere, Turku |
| | Comhshamhail | Kerava, Vaasa |
| FR – An Fhrainc | Teach Solais | Dijon, Lyon, Nantes, Nice |
| | Comhshamhail | Bordeaux |
| HR – An Chróit | Comhshamhail | Rijeka |
| HU – An Ungáir | Comhshamhail | Búdaipeist, Miskolc, Ujpest |
| IE – Éire | Teach Solais | Luimneach |
| | Comhshamhail | Corcaigh |

[10] Is cathair Chomhshamhla de thionscadal Triangulum agus cathair Tí Solais de thionscadal SPARCs é Leipzig.

| Tír | Cineál | Cathair |
|---|---|---|
| IT – An Iodáil | Teach Solais | Bari, Flórans, Milano, Trento |
| | Comhshamhail | Bassano del Grappa, Lecce, Parma, an Veinéis |
| LV – An Laitvia | Comhshamhail | Ríge |
| MT – Málta | Comhshamhail | Vaileite |
| NL – An Ísiltír | Teach Solais | Alkmaar, Amstardam, Eindhoven, Groningen, Rotterdam, Utrecht |
| PL – An Pholainn | Comhshamhail | Krakow, Lublin, Bydgoszcz, Gdansk, Vársá |
| PT – An Phortaingéil | Teach Solais | Evora, Liospóin |
| | Comhshamhail | Maia, Matosinhos, Porto |
| RO – An Rómáin | Comhshamhail | Alba Iulia, Botosani, Cluj-Napoca, Focșani, Suceava |
| SE – An tSualainn | Teach Solais | Gothenburg, Stócólm, Umeå |
| SI – An tSlóivéin | Comhshamhail | Celje |
| SK – An tSlóvaic | Comhshamhail | An Bhratasláiv, Trenčín |
| **Tíortha lasmuigh den Aontas** | | |
| CH – An Eilvéis | Comhshamhail | Lausanne |
| IL – Iosrael | Comhshamhail | Herzliya |
| IS – An Íoslainn | Comhshamhail | Réicivíc |
| MK – An Mhacadóin Thuaidh | Comhshamhail | Scóipé |
| NO – An Iorua | Teach Solais | Stavanger, Trondheim |
| TR – An Tuirc | Teach Solais | Antalya, Tepebasi |
| | Comhshamhail | Kadiköy, Nilüfer |
| UA – An Úcráin | Comhshamhail | Lviv, Severodonetsk |
| UK – An Ríocht Aontaithe | Teach Solais | Bristol, Glaschú, Londain, Manchain, Nottingham |
| | Comhshamhail | Doire |

## Iarscríbhinn III – Suirbhé ar rannpháirtithe tionscadail an Tí Solais

Áiríodh san iniúchadh suirbhé ar rannpháirtithe uile na dtionscadal Tí Solais. Dearadh trí cinn de cheistneoirí ionas go ndíreofaí go sonrach ar na cathracha Tí Solais, ar na cathracha Comhshamhla, agus ar chomhpháirtithe eile na dtionscadal Tí Solais, lena n-áirítear ollscoileanna, ionaid taighde agus cuideachtaí príobháideacha. Chuir na ceistneoirí ar ár gcumas faisnéis a bhailiú maidir le taithí agus tuairimí, faisnéis nach mbeadh fáil uirthi go díreach ar aon slí eile agus a bhí ag teastáil don iniúchadh. Chuidigh an píosa oibre sin linn agus sinn ag teacht ar ár gconclúidí maidir leis na cineálacha réitigh le haghaidh cathracha cliste a tugadh isteach, na bacainní ar mhacasamhlú na réiteach sin, na dúshláin atá roimh na cathracha, an tacaíocht a thug an Coimisiún don chathair, agus pleananna na gcathracha do thionscadail na cathrach cliste amach anseo.

Bhí suirbhé CIE ar siúl ón 31 Deireadh Fómhair go dtí an 25 Samhain 2022. Fuaireamar freagraí ó 20 cathair Tí Solais (as 48 san iomlán), 20 cathair Chomhshamhla (as 72 san iomlán), agus 52 chomhpháirtí tionscadail eile (as 515 san iomlán). Níor thángamar ar chonclúidí ó fhreagraí na gcomhpháirtithe tionscadail eile, mar gheall ar an ráta íseal freagartha ón ngrúpa sin de rannpháirtithe an tsuirbhé.

## Iarscríbhinn IV – Tionscnaimh le tacaíocht ón gCoimisiún i bhfochair agus le haghaidh cathracha sa tréimhse 2014-2020

| Tionscnamh | Comhlacht bainistíochta/faireacháin |
|---|---|
| Cathracha agus Réigiúin Chiorclacha – cuid den Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach | AS RTD |
| An Eolaíocht sna Cathracha | JRC, AS RTD, AS REGIO, AS EAC, CINEA, EASME (an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide) |
| An Comhphobal Cleachtais um Chathracha (CoP-CITIES) | JRC, AS RTD, AS REGIO |
| Cúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh | AS ENER, AS CLIMA |
| Eoraip na Cruthaitheachta | AS EAC |
| An Monatóir ar Chathracha Cruthaitheacha agus Cultúir | JRC |
| An Margadh Aonair Digiteach | AS CNECT |
| Faireachlann um Shoghluaisteacht Uirbeach Eltis | AS MOVE |
| Fíorú na dTeicneolaíochtaí Comhshaoil | JRC |
| Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach (2015) | AS ENV |
| Straitéis an Aontais Eorpaigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide – ADAPT | AS CLIMA |
| Leathanach Topaice an Aontais Eorpaigh ar Chathracha (tairseach don 'Ionad ilfhreastail' le haghaidh cathracha) | AS REGIO |
| Gradam do Phríomhchathair Ghlas na hEorpa agus Gradam do Dhuilleog Ghlas na hEorpa | AS ENV |
| An Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht – Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste | AS ENER, AS MOVE, AS CNECT |
| Leathanach gréasáin tiomnaithe Eurostat maidir le staidreamh Cathracha | ESTAT |
| Comhaontú na gCathracha Glasa | AS ENV |

| Tionscnamh | Comhlacht bainistíochta/faireacháin |
|---|---|
| Fís 2020 – tionscnaimh dá dtugtar tacaíocht | |
| BRIDGE do thionscadail a bhaineann leis an Eangach Chliste, le Stóráil Fuinnimh, le hOileáin agus le Digiteáil | AS ENER, CINEA |
| BUILD UP – an tairseach Eorpach um éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh | EASME/CINEA |
| CIVITAS | AS RTD |
| Comhchistiú ERA-NET um Shoghluaisteacht Leictreach san Eoraip | AS EAC |
| Espresso (cur chuige caighdeánaithe sistéimeach chun cathracha cliste agus comhphobail chliste a chumhachtú) | AS RTD |
| Gradam Phríomhchathair Nuálaíochta na hEorpa (iCapital) | AS RTD |
| Saoráid Cathrach na hEorpa (EUCF) | AS RTD |
| Ardáin Eorpacha Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, go háirithe, maidir le Téamh agus Fuarú In-athnuaite, agus Líonraí Cliste don Aistriú Fuinnimh | AS RTD, AS ENER |
| Ardáin Eorpacha Teicneolaíochta, go háirithe an tArdán Eorpach um Theicneolaíocht Foirgníochta | AS RTD |
| FOOD 2030 – Cathracha ar son chlaochlú na gcóras bia | AS RTD, AS MOVE |
| Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha de chuid Fís 2020, go háirithe maidir le Foirgnimh atá Tíosach ar Fhuinneamh (EeB) agus an Tionscnamh Eorpach um Fheithiclí Glasa (EGVI) | AS RTD |
| An Clár do Chathracha Cliste agus Comhphobail Chliste faoi Fís 2020 (lena n-áirítear an clár Tí Solais) | AS RTD |
| Mórthionscadail Léirchruthúcháin (Gníomhartha Nuálaíochta) | CINEA |
| Ceannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíocha | EASME |

| Tionscnamh | Comhlacht bainistíochta/faireacháin |
|---|---|
| Ardáin do Réitigh Dhúlrabhunaithe, Bonn Pobail agus Fianaise (ardán thinknature, ardán OPPLA a fhaigheann tacaíocht ó FP7, agus creat meastóireachta Eklipse) | |
| Prospect (Fothú acmhainneachta le haghaidh cathracha agus réigiún) | CINEA |
| Dúshlán Sochaíoch: 'Iompar Cliste, Glas agus Comhtháite' – Soghluaisteacht Uirbeach | CINEA |
| Dúshlán na gCathracha Cliste | AS GROW |
| Cláir um chomhoibriú idirnáisiúnta | |
| AE-AN BHRASAÍL – Idirphlé Earnála maidir le T&N le haghaidh Cathracha Inbhuanaithe agus Réitigh Dhúlrabhunaithe | AS RTD |
| AE-CELAC –Comhar maidir le huirbiú inbhuanaithe | AS RTD |
| AE-AN tSÍN – Tionscnamh Suaitheanta um Uirbiú Inbhuanaithe | AS RTD |
| AE-SAM – Clár Nasctha in T&F sa Lóistíocht Uirbeach | AS RTD, AS MOVE |
| Comhar Idirnáisiúnta i réimse na Soghluaisteachta Uirbí (SOLUTIONS, UEMI) | AS RTD, AS MOVE |
| Comhar Uirbeach Idirnáisiúnta (IUC) | AS REGIO, FPI |
| Comhthionscnamh Clársceidealaithe na hEorpa Uirbí (á chistiú ag ERANET–SUGI agus ENUTC) | AS RTD |
| An tArdán um Malartú Eolais (KEP) | AS RTD, Coiste Eorpach na Réigiún |
| An clár LIFE | AS ENV |
| Pobal living-in.eu | AS CNECT |
| An Tríú Spás Il-leibhéil le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht Uirbeach Sistéimeach | AS RTD |
| Córas Faisnéise na gCathracha Cliste | AS ENER |
| Ionad Margaidh na gCathracha Cliste (arb ann dó de thoradh an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste a chumasc le Córas Faisnéise na gCathracha Cliste) | AS ENER |

| Tionscnamh | Comhlacht bainistíochta/faireacháin |
|---|---|
| Pobal Nuálaíochta Sóisialta (SIC), ag tagairt go sonrach dá chuid oibre maidir le 'Cathracha agus an fhorbairt réigiúnach' | AS RTD |
| Plean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh agus an Tionscnamh um 100 Ceantar Fuinnimh Dhearfaigh | AS RTD, AS ENER |
| Sineirgí idir H2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe) | AS RTD, AS REGIO |
| An 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol | AS ENV |
| Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), go háirithe: PEN InnoEnergy, PEN na hAeráide agus PEN na Soghluaisteachta Uirbí | EIT |
| Córas Faireacháin agus Faisnéise an Taighde agus na Nuálaíochta Iompair | AS MOVE, AS RTD, JRC |
| Urbact | AS REGIO |

# Giorrúcháin

**BEI:** An Banc Eorpach Infheistíochta

**CINEA:** An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol

**INEA:** An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin

**T&N:** Taighde agus nuálaíocht

# Gluais

**An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha:** Sásra tacaíochta arna sheoladh ag BEI agus ag an gCoimisiún, mar chuid den Phlean Infheistíochta don Eoraip, chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh i dtionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas.

**Bainistíocht chomhroinnte:** Modh a úsáidtear chun buiséad an Aontais Eorpaigh a chaitheamh, trína ndéanann an Coimisiún tarmligean chuig an mBallstát, murab ionann agus bainistíocht dhíreach, ach go mbíonn an fhreagracht deiridh fós ar an gCoimisiún féin.

**Bainistíocht dhíreach:** Bainistiú ar chiste nó ar chlár de chuid an Aontais ag an gCoimisiún amháin, murab ionann agus bainistíocht chomhroinnte nó bainistíocht indíreach.

**Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa:** Na cúig phríomhchiste de chuid an Aontais a thug tacaíocht i dteannta a chéile don fhorbairt eacnamaíoch ar fud an Aontais i dtréimhse 2014-2020: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh.

**Clár oibríochtúil:** Creat chun tionscadail chomhtháthaithe arna gcistiú ag an Aontas a chur chun feidhme i dtréimhse shocraithe, lena léirítear na tosaíochtaí agus na cuspóirí a leagtar síos i gcomhaontuithe comhpháirtíochta idir an Coimisiún agus Ballstáit aonair.

**eGrants:** Ardán ar líne an Choimisiúin chun bainistiú a dhéanamh ar dheontais taighde an Aontais ó thús deireadh a saolré.

**Fís 2020:** Clár an Aontais don chistiú taighde agus nuálaíochta i dtréimhse 2014-2020.

**Fís Eorpach:** Clár an Aontais don chistiú taighde agus nuálaíochta i dtréimhse 2021-2027.

**InvestEU:** Sásra chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh i dtionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas.

**LIFE:** Ionstraim airgeadais lena dtacaítear le cur chun feidhme bheartas comhshaoil agus aeráide an Aontais trí thionscadail sna Ballstáit a chómhaoiniú.

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-24

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-24

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus leagann an Chúirt Iniúchóirí amach na cúraimí iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trína breithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta IV – Rialáil margaí agus geilleagair iomaíoch, atá faoi cheannas Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Ildikó Gáll-Pelcz (Comhalta den Chúirt) agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Kinga Bara (Ceann na hOifige Príobháidí), Zsolt Varga (Ataisé na hOifige Príobháidí), John Sweeney (Príomhbhainisteoir), Marco Montorio (Ceann Cúraim) agus Christian Detry, Maria Echanove, Alvaro Garrido-Lestache Angulo, Maria Isabel Quintela agus Radostina Simeonova (Iniúchóirí). Chuir Michael Pyper tacaíocht teanga ar fáil.


Ildikó Gáll-Pelcz


Kinga Bara


Zsolt Varga


John Sweeney


Marco Montorio


Christian Detry


Maria Echanove


Alvaro Garrido-Lestache Angulo


Maria Isabel Quintela


Michael Pyper

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

**An pictiúr i mBosca 2** – © Roel Massink (Comhordaitheoir Tionscadail Chathracha Cliste IRIS), 2023.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais príobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-0944-5 | ISSN 2529-3370 | doi: 10.2865/280235 | QJ-AB-23-024-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-0949-0 | ISSN 2529-3370 | doi: 10.2865/871038 | QJ-AB-23-024-GA-N |

Rinneamar measúnú féachaint ar chabhraigh an clár Tí Solais faoi Fís 2020 le cathracha an Aontais a bheith níos cliste, agus féachaint ar chuir an Coimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh i bhfeidhm ar an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste faoi Fís Eorpach.
Thug an clár Tí Solais réitigh fhollasacha i gcrích agus chabhraigh sé leis na cathracha a bhí páirteach sa chlár. Mar gheall ar an easpa comhordúcháin le tionscnaimh eile de chuid an Aontais, go sonrach an Misean, áfach, agus le cistiú breise poiblí agus príobháideach, d'fhéadfadh dúshlán a bheith ann ó thaobh réitigh le haghaidh cathracha cliste a ghlacadh ar bhonn forleathan.
Molaimid don Choimisiún acmhainneacht maoinithe na gcathracha atá páirteach sa Mhisean a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt ar na laigí atá sainaitheanta; rannpháirtíocht na saoránach i dtionscadail léirchruthúcháin uirbigh amach anseo a áirithiú; measúnú a dhéanamh ar mhacasamhlú na gclár Tí Solais; agus an comhordú idir an clár Tís Solais agus an Misean a neartú.

Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/en/Pages/ContactForm.aspx
Suíomh gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors